# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2016

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Gnó

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2016

# SCÉIM MHARCÁLA

# GNÓ, 2016

# ARDLEIBHÉAL

Scéim Mharcála agus Nótaí Tacaíochta le húsáid leis an Scéim Mharcála.

Agus an scéim mharcála agus na nótaí tacaíochta á mbreithniú is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:

- Níl na nótaí tacaíochta seo uileghabhálach agus féadfar glacadh le freagraí bailí eile.
- **Ní** freagraí eiseamláireacha iad ach, ina ionad sin, is sampla de fhreagraí féideartha atá iontu.
- I gcuid mhaith cásanna sna nótaí tacaíochta, d'fhéadfadh sé go mbeadh eochairfhrásaí a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra le go dtuillfidh sé nó sí na marcanna sannta.
- **Déanfar pointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair a mharcáil agus bronnfar marcanna orthu de réir a bhfiúntais.**
- Braitheann na sonraí a theastaíonn in aon cheist ar an gcomhthéacs agus ar an mbealach a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna a sannadh don fhreagra sa scrúdpháipéar. Ar an ábhar sin, d'fhéadfadh riachtanais athrú ó bhliain go bliain.
- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.

**AN ARDTEISTIMÉIREACHT: GNÓ – ARDLEIBHÉAL 2016**

**SCÉIM MHARCÁLA**

**ROINN 1 (80 Marc)**

**Ní mór an roinn seo a fhreagairt.**
**Freagair 8 gceist. Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist.**

| Ceist | Scéim | Marcanna |
|---|---|---|
| 1. | 3+3+2+1+1m | 10 |
| 2. | (a) Sainmhíniú 4m(2+2)<br>(b) 2 x 3 m (2+1) | 10 |
| 3. | 3+3+2+1+1m | 10 |
| 4. | 3+3+2+1+1m | 10 |
| 5. | (a) Foirmle 2m Oibriúcháin 2m Freagra 2m<br>(b) 4m(2+2) | 10 |
| 6. | 2 x 5m(3+2) | 10 |
| 7. | (a) 3 x 2m<br>(b) 4m(2+2) | 10 |
| 8. | 2 x 4m(2+2) + 2m | 10 |
| 9. | 6m(3+3) +4m(2+2) | 10 |
| 10. | 4m + 3m + 3m<br>(an chéad fhreagra ceart 4m) | 10 |
| **Roinn 1** | **Marcanna atá ar fáil** | **80** |

**ROINN 2**
**(80 marc)**

## Digibhranda

| | Ceist ar an nGnó Feidhmeach (Aonaid 3, 4, 5)<br>Ní mór an cheist seo a fhreagairt. | Uasmharc |
|---|---|---|
| **(A)** | D'fhorbair Rian Ó Cuilinn scileanna bainistíochta éifeachtacha.<br>An aontófá leis an ráiteas sin? D'aontódh 3m<br>Tabhair breac-chuntas ar na cúiseanna le do fhreagra, agus bíodh tagairt agat i do fhreagra don téacs atá ag gabháil leis an gCeist ar an nGnó Feidhmeach.<br>3 x 9 marc (3m(ainmnigh) + 3m(mínigh)+ 3m (Nasc)) | **30m**<br>**(3m+27m)** |
| **(B)** | (i) Sainaithin agus déan cur síos ar na foinsí airgeadais is oiriúnaí d'athlonnú Dhigibhranda.<br>(Déan tagairt i do fhreagra d'fhoinsí gearrthéarma, meántéarma agus fadtéarma airgeadais.)<br>3 x 8 marc (3m(ainm + téarma ceart) + 3m(2+1)+ 2m(Nasc)<br><br>(ii)Tabhair breac-chuntas ar **an tábhacht** atá le réamhaisnéis faoin sreabhadh airgid a ullmhú do Dhigibhranda.<br><br>6m (3m(2+1)+3m(Nasc)) | **30m**<br>**(24m+6m)** |
| **(C)** | (i) Déan plé ar dheis **amháin** & ar bhagairt **amháin** a d'fhéadfadh a bheith ann dá ndéanfaí **cumasc** le MediaMania<br><br>2 x 5 mharc (3m(2 + 1) + 2m (Nasc))<br><br>(ii) Déan measúnú ar mhodh **amháin** eile a bhféadfadh Rian smaoineamh air chun a ghnólacht a fhás.<br><br>10m(2m+3m+3m+2m)<br>Ainmnigh; mínigh; mínigh; measúnaigh | **20m**<br>**(10m+10m)** |
| | **Marcanna atá ar fail** | **80 marc** |

Agus freagraí á dtabhairt acu ar cheisteanna ar an CGF, **ní mór** d'iarrthóirí úsáid a bhaint as an eolas ábhartha agus as an tuiscint ábhartha a ghnóthaigh siad san ábhar agus staidéar á dhéanamh acu ar an gcúrsa, chomh maith leis na naisc ábhartha ón CGF.

I ndáil leis na naisc atá tugtha, **ní mór** dóibh a bheith ina n-athfhriotal / ina bhfrása / ina ráiteas díreach ábhartha ón CGF, a léiríonn go bhfuil tuiscint shoiléir ag na hiarrthóirí ar an bpointe (ar na pointí) teoirice a chuirtear i láthair. Tá naisc leithleacha riachtanach i ngach roinn. Ní bhronntar marc as aon nasc gan teoiric ábhartha.

## Roinn 3

**(240 marc)**

Freagair **ceithre** cheist as **Roinn 3** mar a leanas:
Freagair ceist **amháin** as **Cuid 1**, **dhá** cheist as **Cuid 2** agus ceist **amháin** eile as **Cuid 1** nó as **Cuid 2**. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

### Cuid 1

**Daoine sa Ghnó**

**Ceist 1**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | (i) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis le dífhostú **cóir.**<br>(ii) Mínigh an téarma **dífhostú inchiallaithe** agus tabhair **sampla.** | (i) 2 x 6m (3 + 3)<br><br>(ii) 8m (4 +4) | 20 |
| **(B)** | Conradh dleathach a fhoirceannadh. | 8m(4+4)+6m(3+3)+6m(3+ 3) | 20 |
| **(C)** | Déan measúnú ar fheidhmeanna an ***GNT (CICT)*** i dtaca le leas tomhaltóirí a chosaint.<br><br>Measúnú | 3 x 6m (3 + 3)<br><br>2m | 20 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **60** |

| Timpeallacht Intíre | | | |
|---|---|---|---|
| **Ceist 2** | | | |
| **(A)** | **Déan plé** ar na slite éagsúla a dtéann Rialtas na hÉireann i bhfeidhm ar an lucht saothair in Éirinn. | 4 x 5m (2 + 3) | 20 |
| **(B)** | Déan anailís ar na buntáistí **agus** ar na míbhuntáistí don saincheadúnaí a bhaineann leis an saincheadú mar rogha i gcás gnólachta nuathionscanta. (tá ceann amháin ar a laghad do gach ceann ag teastáil) | 4 x 5m (2 + 3) | 20 |
| **(C)** | **Déan plé** ar na freagrachtaí sóisialta atá ar ghnólacht i leith aon **ceithre** cinn de na páirtithe leasmhara: infheisteoirí, fostaithe, soláthraithe, custaiméirí, agus an rialtas. | 2x6m(3+3)<br>2 x4m(2+2) | 20 |
| | **Marcanna atá ar fail** | | **60** |

| Timpeallacht Intíre/Idirnáisiúnta | | | |
|---|---|---|---|
| **Ceist 3** | | | |
| **(A)** | **Tá sé in am stad de bheith ag brath ar Infheistíocht Dhíreach Eachtrach (FDI i mBéarla) agus ár ngnóthaí dúchasacha féin a fhás ina ionad sin.**<br>Cé chomh mór agus a aontaíonn tú leis an ráiteas thuas?<br>**Tabhair breac-chuntas** ar chúiseanna le do fhreagra. | 2m<br><br>3 x 6m(3 + 3) | 20 |
| **(B)** | **Déan plé** ar na dúshláin **mhargaíochta** a d'fhéadfadh a bheith roimh ghnó in Éirinn agus é ag trádáil ar fud an domhain, agus tabhair **samplaí** chun tacú le do fhreagra. | 4 x 5m(2 + 2+1) | 20 |
| **(C)** | **Mínigh** na téarmaí trádála idirnáisiúnta seo a leanas:<br>(i) Geilleagar Oscailte<br>(ii) Bloc Trádála<br>(iii) Cosantas<br>(iv) Dírialáil | 2x6m(3+3)<br>2x4m(2+2) | 20 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **60** |

**ROINN 3**
**Cuid 2**
**Fiontraíocht**

| **Fiontraíocht/Bainistíocht** |
|---|

**Ceist 4**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | **Déan plé** ar an gcaoi a bhféadfadh foireann an óstáin tréithe/scileanna fiontraíochta a chur i bhfeidhm chun na himeachtaí éagsúla a bhaineann leis an gceiliúradh céad bliain a fhorbairt. | 4x5m(2 + 3) | 20 |
| **(B)** | **Déan measúnú** ar an tslí a gcuireann cineálacha éagsúla pleanála leis an rath ó thaobh cúrsaí gnó de. Bíodh baint ag do fhreagra le **hÓstán Mayfair** agus aon bhoinn tuisceana atá cuí á gcur san áireamh agat.<br><br>Measúnú | 3x6m(2+3+1)<br><br>2m | 20 |
| **(C)** | **Déan plé** ar na buntáistí **agus** ar na dúshláin do ghnólacht a bhaineann le struchtúr maitríse eagraíochta (struchtúr foirne) a fhorbairt chun tionscadail faoi leith a chur i gcrích i ngnólacht. (tá ceann amháin ar a laghad do gach ceann ag teastáil) | 4x5m(2 + 3) | 20 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **60** |

| Bainistíocht |
|---|

**Ceist 5**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | **Déan plé** ar na buntáistí do ghnólacht mar Ollsábháil a bhaineann le hearcaíocht inmheánach **agus** le hearcaíocht sheachtrach le haghaidh poist bhainistíochta. (2 bhuntáiste i dtaobh earcaíocht inmheánach/2 bhuntáiste i dtaobh earcaíocht sheachtrach) | 4x5m(2+3) | 20 |
| **(B)** | Déan anailís ar an **tionchar** atá ag an nuatheicneolaíocht ar chostais ghnó agus ar dheiseanna gnó. Tabhair **samplaí** chun tacú le do fhreagra. (tá 2 tionchar ar chostais ghnó agus 2 tionchar ar dheiseanna gnó ag teastáil) | 4x5m(3+2) | 20 |
| **(C)** | **(i)**Mínigh an téarma **dearbhú cáilíochta** mar chuid de Bhainistíocht Lánchàilíochta (BLC).<br>**(ii)**Déan cur síos ar na **buntáistí** a bhíonn ann do ghnólacht as caighdeán comhartha cáilíochta aitheanta a bhaint amach. | (i) 5m(2+3)<br><br>(ii) 3x5m(2+3) | 20 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **60** |

| Gnó i nGníomh |
|---|

**Ceist 6**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Tabhair breac-chuntas ar na **cúiseanna** a ndéanann gnólachtaí fréamhshamhlacha a fhorbairt. | 3 x 5m(2 + 3) | 15 |
| **(B)** | Léirigh iad seo a leanas le cairt mheá ar mheá:<br>(i)An Pointe Meá ar Mheá<br>(ii)An Lamháil Sábháilteachta ar an Aschur Tuartha<br>(iii)An brabús ar an Aschur Tuartha | Cairt Mheá ar Mheá a thaispeánann:<br>X-Ais: Aschur in aonaid ’000s 1m<br>Y-Ais: Ioncam/Costais €’000s 1m<br>Teideal na Cairte 1m<br>Líne CS 2 m<br>Líne CI 4 m<br>Líne II 4 m<br>PMM 4m<br>ALS 4m<br>An brabús ar an Aschur tuartha 4m<br><br>**NÓ**<br>**Ríomhanna amháin**: (Uasmhéid 12m)<br>PMM 4m<br>An brabús ar an Aschur tuartha 4m<br>ALS 4m | 25 |
| **(C)** | (i)**Ríomh** Pointe nua meá ar mheá agus **Léirigh**<br>Líne ($CI_2$)<br>$MM_2$ (Meá ar Mheá$_2$) a léiriú ar an cairt mheá ar mheá.<br><br>(ii) Tabhair breac-chuntas ar theorainn **amháin** a bhaineann le hanailís mheá ar mheá nuair a bhíonn cinntí gnó á ndéanamh. | (i)15m (5+5+5)<br><br>**Ríomh amháin** (uasmharc 5m)<br><br>(ii) 5m | 20 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **60** |

## Gnó i nGníomh

**Ceist 7**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | (i) Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí **agus** ar na míbhuntáistí a bhaineann le teicnící taighde tánaisteacha (deisce) a úsáid nuair a bhíonn eolas ar margadh á bhailiú.<br>(tá ceann amháin ar a laghad do gach ceann ag teastáil)<br><br>(ii) Léirigh foinse **amháin** de thaighde deisce agus foinse **amháin** de thaighde allamuigh a d'fhéadfadh Fuáil Ghasta a úsáid, agus **tabhair cúis** le do fhreagra i n**gach** cás. | (i) 3 x 5m(2 + 3)<br><br>(ii) 2 x 5m (2 + 2+1) | 25 |
| **(B)** | **Déan measúnú** ar éifeachtacht na dteicnící chun díolacháin a chur chun cinn a bhféadfadh Alex smaoineamh orthu chun díolacháin a mhéadú.<br><br>Measúnú | 3x4m(2+2)<br><br>3m(1+1+1) | 15 |
| **(C)** | **Déan plé** ar na buntáistí a bhaineann le brandáil mar uirlis mhargaíochta le haghaidh gnólachta agus tabhair **samplaí** chun tacú le do fhreagra. | 7m(3+2+2)<br>7m(3+2+2)<br>6m(2+2+2) | 20 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **60** |

# ROINN 1
# (80 marc)
# CEISTEANNA GEARRFHREAGRA
# NOTAÍ TACAÍOCHTA

| C. | Freagraí Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|
| 1. | ÚFT – An tÚdarás (Ghníomhaireacht) Forbartha Tionscail<br>CPT – Cuideachta Phoiblí Theoranta<br>GBM – Gnóthais Bheaga agus Mheánmhéide<br>TAI – An Toradh ar Infheistíocht<br>POF – Príomhoifigeach Feidhmiúcháin | 10 |
| 2. | **(a) Sainmhínigh an téarma Díospóid Trádála**<br>Sainmhínítear Díospóid Trádála mar aon díospóid atá idir **fostóirí** agus **fostaithe** a bhaineann leis an **bhfostaíocht nó leis an neamhfhostaíocht** nó a bhaineann le **téarmaí nó coinníollacha fostaíochta** aon duine (sampla d'aon choinníoll fostaíochta).<br><br>**(b) Tabhair breac-chuntas ar dhá shórt gníomhaíocht thionsclaíoch oifigiúil atá ar fáil d'fhostaithe atá i mbun díospóid thionsclaíoch le fostóirí.**<br>• Stailc Oifigiúil (tarraingt amach iomlán ón obair). Is éard atá i gceist leis seo go bhfuil oibrithe ag picéadú lasmuigh d'áitreabh a bhfostóra chun aird a tharraingt ar an díospóid thionsclaíoch atá ar siúl. Reáchtálann fostaithe rúnbhallóid, faigheann siad cead ón gceardchumann agus tugann siad fógra seachtaine maidir le gníomhaíocht stailce dá bhfostóir. Picéadú tánaisteach ina bhfuil na fostaithe ar picéad ag áitreabh eile i gcás a bhfuil gnó eile ag cuidiú lena bhfostóir chun an obair a chur i gcrích, rud a chuireann an gníomh tionsclaíoch ó rath.<br><br>• Oibriú de réir Rialach/ Moilleadóireacht ina ndéanann na fostaithe a gcuid oibre de réir a gconradh fostaíochta agus nach gcomhlíonann siad aon dualgais sa bhreis lasmuigh de na dualgais sin atá luaite sa chonradh. Gníomh ina ndéanann fostaithe léirsiú in aghaidh fostóra trína n-obair a dhéanamh de réir a gconartha ach go bhfuil sé á dhéanamh acu ar luas chomh mall sin go gcuireann sé bac ar ghnó an fhostóra.<br><br>• Cosc ar ragobair nuair a dhiúltaíonn na hoibrithe aon ragobair a dhéanamh. D'fhéadfadh sé seo a bheith ina bhunús le briseadh mór, rud is cúis le horduithe caillte agus le díolacháin chaillte, go háirithe le linn buaicamanna trádála, e.g. aerlíne le linn laethanta saoire.<br><br>• Stailc Chomharthach a bhaineann le stopadh gairid oibre chun a bhfrustrachas a chur in iúl, agus atá beartaithe chun an bhagairt gníomhaíocht bhreise níos tromchúisí a dhéanamh mura dtagtar ar chomhaontú. | 10 |

**3.**

BRÉAGACH
FÍOR
FÍOR
BRÉAGACH
BRÉAGACH

10

**4.**

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
|---|---|---|---|---|
| C | D | F | A | B |

10

**5.**

**(a) Fiachas: An Cóimheas Cothromais**
Caipiteal Fiachais: Scairchaipiteal + Cúlchistí
700,000:220,000 + 130,000
700,000:350,000 = 2:1

**(b)** Tá **giaráil ard** ag Lalco Ltd. – ciallaíonn sin go bhfuil ar an ngnólacht íocaíochtaí ar ús ard a dhéanamh agus tá íocaíochtaí díbhinne ísle le scairshealbhóirí ann/níl íocaíochtaí díbhinne le scairshealbhóirí ann dá bharr sin. Féadfar sócmhainní a úsáid mar urrús/ Aisíocaíocht chaipitil atá ag teastáil/ Féadfaidh tionchar a bheith ann ar chumas airgead a fháil ar iasacht taobh istigh d'achar gearr/ Tionchar a bheith ann ar bhrabús/ sreabhadh airgid an ghnólachta.

10

**6.**

**Déan cur síos ar dhá ghné de Jabtháirgeadh**

- Modh táirgeachta is ea Jabtháirgeadh ina bhfuil earraí déanta ar ordú/ Ní dhéantar earraí i gcomhair stoc/ táirge aon-uaire/ táirge leithleach/déanamh de réir sonraíochtaí.
- Tá an saothar an-oilte de bharr déanamh oiriúnaithe an táirge.
- Is gnách go bhfuil innealra agus trealamh an-sofaisticiúil ag teastáil sa phróiseas táirgeachta.
- Tá na hearraí daor ós rud é go mbaintear úsáid as ceardaithe oilte/ amhábhair ar ardchaighdeán/ agus féadfar sonraíochtaí a athrú agus tá siad cuibheasach daor dá bharr sin.

10

**7.**

**(a)**

| Easpórtálacha Sofheicthe (€bn) | Iompórtálacha Sofheicthe (€bn) | Comhardú na Trádála (€bn) |
|---|---|---|
| €70 | €105 | ***Easnamh €35*** |
| €90 | ***€65*** | Barrachas €25 |
| ***€80*** | €110 | Easnamh €30 |

**(b)** Is éard is Easpórtálacha Dofheicthe ann **seirbhísí a dhíoltar le tíortha iasachta** agus airgead ag teacht isteach sa tír/ Tagann airgead isteach go hÉirinn nuair a dhíoltar seirbhísí de chuid na hÉireann thar lear.
E.g. Turasóirí de chuid na hIodáile atá ar laethanta saoire in Éirinn; mic léinn eachtrannacha atá ag staidéar in Éirinn/ soláthraithe idirlín de chuid na hÉireann ag díol a gcuid seirbhísí le custaiméirí thar lear.

10

| | | |
|---|---|---|
| **8.** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá mhodh chun fad a chur le saolré táirge agus tabhair sampla amháin chun do fhreagra a léiriú.**<br><br>**Táirge:**<br>An táirge a fheabhsú/uasghrádú - Gnéithe nua a thabhairt isteach.<br><br>Athbhrandáil/ Ainm an táirge a athrú agus a dhealramh a athrú amach is amach/ íomhá nua den táirge a chruthú in aigne an chustaiméara.<br><br>Úsáid an táirge a athrú/ Lucozade ó dheoch míochaine go deoch spóirt.<br><br>Ainm an táirge a athrú-d'fhéadfadh go measfadh an custaiméir go bhfuil cuma eile ar fad ar an ainm nua.<br><br>Sciar níos mó den bhonn custaiméirí a fháil-pacáistí éagsúla *"eir"*.<br><br>Fairsingiú línte maidir leis an táirge a thabhairt isteach -blasanna, méideanna éagsúla, etc.<br><br>**Praghas:**<br>An straitéis praghsála a athrú-lascainiú chun spriocmhargadh nua a bhaint amach, mar shampla margadh an déagóra.<br><br>**Áit:**<br>An áit a bhfuil an táirge á dhíol a athrú/a mhéadú thar lear/a dhíol ar líne.<br><br>**Tionscnamh:**<br>Úsáid a bhaint as feachtas fógraíochta nua/meáin fógraíochta nua-Facebook, Twitter. Teicnicí bolscaireachta díolacháin a úsáid chun borradh a chur faoin éileamh- dearbháin, pointí, etc.<br><br>**Sampla: Gnéithe breise - iPhone 6** | 10 |
| **9.** | **Déan idirdhealú idir Cáin Bhreisluacha (CBL) agus Cáin Chorparáide**<br>Cáin í CBL (Cáin Bhreisluacha) ar **earraí agus seirbhísí** a íocann custaiméirí agus gnó araon/**cáin ar chaiteachas tomhaltóirí.** Is é an ráta caighdeánach 23%. Tá rátaí éagsúla CBL ann ag brath ar an gcineál earraí agus seirbhísí atá á dhíol e.g. 0% (Leigheas, Príomhbhianna, etc.). 9% an ráta speisialta laghdaithe i gcomhair gníomhaíochtaí a bhaineann le cúrsaí turasóireachta, lena n-áirítear bialanna, óstáin, etc.<br><br>Cáin bhliantúil ar **bhrabúis na cuideachta** is ea Cáin Chorparáide. Is é an ráta cánach corparáide in Éirinn **12.5% faoi láthair,** ceann de na rátaí cánach corparáide is ísle ar fud an domhain. Ríomhtar an cháin bunaithe ar staid brabús glan cuideachta. Meastar go bhfuil an-tionchar aige sin ar FDI (infheistíocht dhíreach choigríche) a mhealladh go hÉirinn. Cuideachtaí atá suite sa stát, ráta 25% ar chuideachtaí neamhthrádála e.g. Cuideachtaí cíosa. | 10 |
| **10.** | An Coimisiún Eorpach → Parlaimint na hEorpa → Comhairle an Aontais Eorpaigh | 10 |

# Roinn 2
# (80 marc)
# CEIST AR AN nGNÓ FEIDHMEACH
# Digibhranda
# (Notaí Tacaíochta)

| Ceist | Freagraí Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|
| (A) | **Léiríonn Rian Ó Cuilinn scileanna bainistíochta éifeachtacha. An aontófá leis an ráiteas sin? Tabhair breac-chuntas ar na cúiseanna le do fhreagra, agus bíodh tagairt agat i do fhreagra don téacs atá ag gabháil leis an gCeist ar an nGnó Feidhmeach.**<br>**D'aontódh**<br><br>Is éard atá i gceist **le ceannaireacht** ná daoine a spreagadh/ tionchar a bheith ar dhaoine chun gníomhú agus iad a bheith rannpháirteach chun spriocanna a bhaint amach.<br>Baineann ceannaireacht le daoine a stiúradh agus cuidiú le daoine/daoine a threorú ar an mbealach ceart sa chaoi go mbeidh gach duine ag obair le chéile chun spriocanna an fhiontair a bhaint amach. Tá a fhios ag ceannairí conas spriocanna a bhaint amach agus daoine a spreagadh ar an mbealach.<br><br>Is éard atá i gceist le tarmligean sannadh údaráis/cumhachta do dhuine eile, de ghnáth sanntar é/í ó bhainisteoir d'íochtarán, chun tabhairt faoi thasc nó faoi thionscadal oibre ar leith toisc go bhfuil muinín aige go ndéanfaidh an fhoireann an obair.<br>Tarmligeann Rian freagracht don fhoireann.<br><br>Tá cineálacha éagsúla ceannairí/stíleanna ceannaireachta ann lena n-áirítear Uathlathach, Daonlathach agus Laissez-faire. Léiríonn Rian Stíl ceannaireachta dhaonlathach ina roinntear cumhacht leis na fostaithe/tá fostaithe páirteach ann agus cinntí á ndéanamh aige, agus cuireann sé fiontraíocht chun cinn. Faigheann Rian comhairle agus lorgaíonn sé comhairle.<br><br>Nasc:<br>*"Spreag Rian iad go rialta moltaí a dhéanamh faoi dhearaí agus fuair sé a dtuairimí i gcónaí sular chríochnaigh sé dearadh suíomh gréasáin, ábhar margaíochta do na meáin shóisialta nó lógó do chliaint in earnálacha éagsúla den tionsclaíocht."*<br><br>NÓ<br><br>*"Sa tráthnóna, tar éis coláiste, bhain Rian úsáid as Skype chun tuairimí a roinnt leis an bhfoireann agus d'úsáid sé an ríomhphost chun dearaí agus grafaicí a sheoladh idir gach ball den fhoireann."* | **30 marc**<br>**(3m+27m)** |

| | | |
|---|---|---|
| | NÓ<br>*"Chuir Rian an fhreagracht as tionscadal mór ar Shinéad, mar gur chreid sé go raibh ar a cumas feachtas margaíochta a bheadh an-nuálach a chruthú."*<br><br>NÓ<br>*"Go daonlathach a rinneadh cinntí."*<br><br>**Spreagadh**<br>Is éard atá i gceist le spreagadh i mbainistíocht ná an próiseas trína ndéanann bainisteoirí fostaithe a spreagadh chun bheith táirgiúil agus éifeachtach. Cuireann bainisteoirí cúinsí áirithe i bhfeidhm agus déanann fostaithe iad féin a iompar ar bhealaí ar leith dá bharr ar mhaithe leis an ngnólacht. Tugann cultúr cumasú laistigh de ghnólacht spreagadh d'fhostaithe. Féadfaidh tionchar a bheith ar iompar fostaithe trí spreagadh a thabhairt dóibh freastal ar riachtanais gan sásamh atá acu.<br>Dhá theoiric spreagtha a úsáidtear go forleathan is ea Teoiric Spreagtha Maslow/Teoiric X agus Teoiric Y Mc Gregor. Ghlac Rian cur chuige i leith spreagtha theoiric Y Mc Gregor.<br><br>Teoiric Y: Tá suim ag fostaithe ina gcuid oibre agus tugtar jabanna suimiúla agus dúshlánacha dóibh. Tugtar spreagadh d'fhostaithe chun athrú nuair a théitear i gcomhairle leo. Tá fostaithe ag iarradh barr a gcumais a bhaint amach agus meas agus aitheantas a ghnóthú.<br><br>De réir theoiric Maslow is é atá mar spreagadh ag fostaithe ná 5 riachtanas faoi leith a shásamh: riachtanais fhisiciúla; riachtanais sábháilteachta agus slándála; riachtanais shóisialta agus inghlacthachta; riachtanas urraime agus riachtanais féinachtála.<br><br>Nasc:<br><br>"*Spreag Rian iad go rialta moltaí a dhéanamh faoi dhearaí agus fuair sé a dtuairimí i gcónaí sular chríochnaigh sé dearadh suíomh gréasáin, ábhar margaíochta do na meáin shóisialta nó lógó do chliaint in earnálacha éagsúla den tionsclaíocht."*<br>NÓ<br>*"Thairg Rian coimisiún céatadánach dóibh ar gach tionscadal ar oibrigh siad air" (Riachtanais fhisiciúla Maslow)*<br>NÓ<br>*(agus) "mhol sé ardchaighdeán a gcuid oibre i rith an ama."* ***(****Riachtanais urraime Maslow****)***<br>NÓ<br>*"Chuir Rian an fhreagracht as tionscadal mór ar Shinéad, mar gur chreid sé go raibh ar a cumas feachtas margaíochta a bheadh an-nuálach a chruthú." (Riachtanais urraime Maslow)* | |

| | | |
|---|---|---|
| | **Cumarsáid**<br>Baineann cumarsáid le daoine atá ag malartú eolais chun tuiscint níos fearr a fháil ar a chéile. Tugann comhairle le fios go bhfuil cumarsáid mhaith dhá bhealach ann. Tá aiseolas ag teastáil lena chinntiú go dtuigtear an teachtaireacht agus go ngníomhaítear dá réir.<br>Nuair a chuirtear spriocanna/ cuspóirí in iúl is bealach é chun gníomhaíochtaí gach uile dhuine a chomhordú. Tá bealaí cumarsáide aníos/ anuas/cothrománacha riachtanach chun go dtuigeann gach duine cad iad na tascanna atá le déanamh acu.<br><br>Tá roghanna éagsúla bealaí cumarsáide ann a úsáidtear i ngnólacht ag brath ar an gcineál teachtaireachta atá ann- cumarsáid scríofa, béil, amhairc agus leictreonach.<br><br>Nasc:<br><br>**…………………..** *"agus fuair sé a dtuairimí i gcónaí sular chríochnaigh sé dearadh suíomh gréasáin, ábhar margaíochta do na meáin shóisialta nó lógó do chliaint in earnálacha éagsúla den tionsclaíocht."*<br><br>NÓ<br>*"Sa tráthnóna, tar éis coláiste, bhain Rian úsáid as Skype chun tuairimí a roinnt leis an bhfoireann agus d'úsáid sé an ríomhphost chun dearaí agus grafaicí a sheoladh idir gach ball den fhoireann."*<br>NÓ<br><br>*"Ní raibh Rian cinnte faoi iarmhairtí cumaisc le gnólacht eile ag an am sin, agus dá bhrí sin, bhí cruinniú aige le Sinéad agus le Marc chun a dtuairimí siúd ar an tairiscint a fháil."*<br><br>***Tabhair as aird:***<br><br>***Ní féidir naisc a úsáid an athuair laistigh de roinn. Caithfidh an teoiric a bheith ábhartha do CGF. Féadfaidh ceangal a bheith idir naisc a úsáidtear i dtaobh ceannaireachta, spreagtha agus cumarsáide, ach má úsáidtear nasc ar leith chun scil bhainistíochta amháin a mhíniú ní féidir í a úsáid an athuair i gcomhair scil bhainistíochta eile.*** | |

| | | |
|---|---|---|
| **(B)** | **(i) Sainaithin agus déan cur síos ar na foinsí airgeadais is oiriúnaí d'athlonnú Dhigibhranda. (Déan tagairt i do fhreagra d'fhoinsí gearrthéarma, meántéarma agus fadtéarma airgeadais.)**<br><br>**Maoiniú gearrthéarmach**<br>_Rótharraingt bhainc_<br>Comhfhoinse maoinithe i gcás gnólachtaí beaga is ea rótharraingt bhainc. Is ionann rótharraingt bhainc agus saoráid a ligeann do ghnólachtaí níos mó airgid a 'rótharraingt' ar a gcuntas reatha gnó. Is gá an t-achar ama atá an cuntas le bheith 'rótharraingte' a shocrú leis an mbanc. Is é an buntáiste nach gá don ghnólacht ach iasacht a fháil nuair is gá dó agus féadfaidh an gnólacht a oiread agus atá uaidh a fháil ar iasacht. Tá ardráta úis agus táille saoráide i gceist le rótharraingt agus féadfaidh an banc a éileamh go ndéantar í a aisíoc go tapa. Is féidir í a úsáid mar chineál caipiteal oibre chun cabhrú leis an ngnó a reáchtáil ar bhonn laethúil.<br>Nasc:<br>*"Fuair sé amach go dteastódh airgead uaidh, chun cíos trí mhí a íoc roimh ré."*<br><br>**Maoiniú gearrthéarmach**<br>_Costais fhabhraithe: (billí neamhíoctha)_<br>Costais nach gá a íoc go dtí go mbeidh an tseirbhís curtha ar fáil. Cuirtear an tseirbhís ar fáil agus i dtaca an ama sin féadfar an tseirbhís a úsáid mar fhoinse maoiniú gearrthéarmach. Níl aon chostas i gceist ar an gcoinníoll go n-íocfaidh tú an bille in am.<br>Nasc:<br>**………** *"sa chaoi go bhféadfadh sé pá a íoc chomh maith leis na costais éagsúla a bhí air ó lá go lá".*<br><br>**Maoiniú gearrthéarmach**<br>_Cárta creidmheasa_<br><br>**Meántéarmach**<br>_Léasú:_<br>Baineann léasú le sócmhainn a fháil ar cíos ó chuideachta airgeadais in áit í a cheannach. Ní leis an ngnólacht an tsócmhainn choíche, agus ag deireadh na tréimhse leasúcháin féadfaidh an t-úinéir comhaontú leasúcháin nua a thosú ina mbeidh sócmhainní nua. Níl aon urrús ag teastáil, tá íocaíochtaí in-asbhainteach ó thaobh cánach agus ní théann sé i bhfeidhm ar úinéireacht. Ós rud é nach bhfuil aon chnapshuim ag teastáil d'fhéadfadh sé an staid sreabhadh airgid a fheabhsú. | **30 marc**<br>**(24m+6m)** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | **Meántéarmach**<br>*<u>Iasacht Mheántéarmach:</u>*<br>Féadfaidh gnólachtaí leas a bhaint as iasachtaí mheántéarmacha ag rátaí iomaíocha úis. Aisíoctar an iasacht i dtráthchodanna thar thréimhse na hiasachta (1 go 5 bliana) rud a ligeann don ghnólacht ceannachán airgid a dhéanamh agus na praghsanna airgid thirim is fearr atá le fáil a idirbheartú. Tá an t-ús a íoctar in-asbhainteach ó thaobh cánach agus níl tionchar ann ar an ngnólacht a rialú. Féadfaidh urrús nó ráthaíochtaí pearsanta a bheith ag teastáil lena chinntiú go n-aisíoctar an iasacht.<br><br>**Meántéarmach**<br>*<u>Fruilcheannach:</u>*<br>Baineann fruilcheannach le sócmhainní a cheannach thar thréimhse ama. Íoctar éarlais ag an tús, leanann tráthchodanna cothroma agus íocaíocht deiridh í sin, ina dhiaidh sin is leis an úinéir an tsócmhainn anois. Tá an t-ús an-ard, níl aon urrús ag teastáil, ina dhiaidh sin féin, d'fhéadfaí na sócmhainní a urghabháil i gcásanna ina mbíonn mainneachtain maidir le haisíocaíochtaí ann.<br>Nasc:<br>**………** *"go dteastódh trealamh agus troscán oifige uaidh (bheadh air infheistiú a dhéanamh iontu)*"<br><br>**Fadtéarmach**<br>*<u>Brabús Coinnithe/ Cúlchistí</u>*<br>Féadtar brabús an ghnólachta a shuncáil isteach sa ghnó chun cuidiú leis fás. Is é an buntáiste a bhaineann le brabús athinfheistithe nach bhfuil costas gaolmhar ann. Is é an míbhuntáiste leis go bhféadfar teorainn a chur leis rud a d'fhéadfadh srian a chur leis an ráta leathnú gnó.<br>Nasc:<br>*"Bhí méadú 20% ar an meán ag teacht ar an mbrabús in aghaidh na bliana agus d'athinfheistigh Rian an brabús sa ghnólacht."*<br><br>*<u>Deontais Rialtais</u>*<br>Tá deontais ar fáil do ghnólachtaí a chruthaíonn fostaíocht, ó ghníomhaireachtaí éagsúla Rialtais ar nós Fhiontraíocht Éireann agus OFAnna (Oifigí Fiontair Áitiúil) le haghaidh gnólacht nuathionscanta, leathnú, taighde agus forbairt, etc. Bíonn deontais saor ó ús de ghnáth agus ní gá iad a aisíoc má úsáidtear iad ar mhaithe leis an gcuspóir a bhí beartaithe leo.<br><br>Nasc:<br>*"Lean sé air ag baint leasa as tacaíochtaí éagsúla, ina measc scéim deontais Fhiontraíocht Éireann i leith na gcostas a bhain le T&F."* | |

| | | |
|---|---|---|
| | **(ii) Tabhair breac-chuntas ar an tábhacht atá le réamhaisnéis faoi sreabhadh airgid a ullmhú do Dhigibhranda.**<br><br>Beidh Rian in ann a rialú airgeadais a fheabhsú trí admhálacha agus íocaíochtaí iarbhír a chur i gcomparáid le réamhaisnéis faoin sreabhadh airgid/ cuideoidh sé leis chun a fheiceáil an bhfuil sé ag baint amach a chuid spriocanna. Ní mór réamhaisnéis faoin sreabhadh airgid a ullmhú má tá rún ag Digibhranda maoiniú a fháil ar iasacht. Cuideoidh an sreabhadh airgid le haithint an bhfuil sé d'acmhainn ag an ngnólacht aisíocaíochtaí a dhéanamh ar iasacht fhéideartha. Cuideoidh sé le Rian chomh maith tréimhsí a bhfuil go leor caiteachais ann a aithint. Cuideachta nua is ea Digibhranda agus tá fáil ar airgead níos tábhachtaí ná brabús i mblianta tosaigh gnólachta. Mura bhfuil dóthain airgid thirim ag Digibhranda d'fhéadfadh go dteipfeadh air.<br><br>Nasc:<br><br>*"Ar nós fhormhór na ngnólachtaí beaga nuathionscanta bhí airgead gann agus bhí Rian ag iarraidh fiacha ollmhóra a sheachaint."*<br>NÓ<br>*"Bhí air a chinntiú go ndéanfadh sé a chaipiteal oibre a bhainistiú."*<br>NÓ<br>*"Bhí air iarracht mhór a dhéanamh íocaíocht a fháil go tapa ar obair a rinne sé do na cliaint sa chaoi go bhféadfadh sé pá a íoc chomh maith leis na costais éagsúla a bhí air ó lá go lá."* | |
| **(C)** | **(i) Déan plé ar dheis amháin agus ar bhagairt amháin a d'fhéadfadh a bheith ann do Dhigibhranda dá ndéanfaidís cumasc le MediaMania.**<br><br>**Deiseanna**:<br>Modh tapa leathnú gnó – deis níos fearr maireachtála/leibhéal níos airde cumhachta sa mhargadh.<br><br>Acmhainní agus saineolas comhroinnte – teacht ar theicneolaíochtaí nua go tapa / scileanna nua agus saineolas/ barainneachtaí scála/ costais a chomhroinnt.<br><br>Éagsúlú chuig réimsí nua táirge/Teacht ar mhargaí nua – ligfidh cumasc le gnólacht eile don dá ghnólacht teacht a bheith acu ar mhargadh/ mhargadh easpórtála a chéile/ spleáchas laghdaithe ar mhargadh amháin. Láidreachtaí a chomhroinnt i réimsí éagsúla e.g. réigiúin éagsúla sa domhan/ earnálacha éagsúla na tionsclaíochta. | **20m<br>(10m+10m)** |

| | | |
|---|---|---|
| | Nasc:<br>"*Tá MediaMania ag pleanáil a ghnó a leathnú lasmuigh den Ríocht Aontaithe.*"<br>NÓ<br>*"I Londain atá MediaMania lonnaithe, tá siad ar na príomhghníomhaireachtaí sa mhargaíocht dhigiteach agus díríonn siad go hiomlán ar earnáil an mhiondíola sa Ríocht Aontaithe."*<br><br>***Tabhair as aird: Féadfar naisc ó CGF a léiriú mar dheis nó mar bhagairt ag brath ar an gcaoi a bhforbraíonn an t-iarrthóir an teoiric.***<br><br>**Bagairtí:**<br>Brabús a chomhroinnt – tá gach scairshealbhóir i dteideal scair na mbrabús ón ngnólacht nuachumasctha.<br><br>An bealach atá acu le custaiméirí a chailleadh – dá mhéad a thagann méadú ar an ngnólacht is ea is deacra a bhíonn sé caidrimh a choinneáil le custaiméirí reatha.<br><br>Cultúir eagraíochtúla éagsúla féadfaidh iad siúd a bheith ina gcúis le coimhlint/féadfaidh sé bheith deacair ar úinéirí agus ar fhostaithe dul i dtaithí ar athrú.<br><br>D'fhéadfaí eolas dílsithe a thógáil/d'fhéadfadh MediaMania maoin intleachtúil Dhigibhranda a thógáil.<br><br>D'fhéadfadh caillteanas rialaithe a bheith ann.<br><br>D'fhéadfadh iomarcaíochtaí a bheith ann.<br><br>Nasc:<br>*"Digibhranda a raibh bunachar maith cliant aige in Éirinn."*<br>*NÓ*<br>*"Tá MediaMania ag pleanáil a ghnó a leathnú lasmuigh den Ríocht Aontaithe."*<br>*NÓ*<br>*"I Londain atá MediaMania lonnaithe, tá siad ar na príomhghníomhaireachtaí sa mhargaíocht dhigiteach agus díríonn siad go hiomlán ar earnáil an mhiondíola sa Ríocht Aontaithe."*<br><br>***Tabhair as aird: Má thugtar nasc mar dheis is gá nasc eile a thabhairt mar bhagairt.*** | |

| | | |
|---|---|---|
| | **(ii) Déan measúnú ar mhodh amháin eile a bhféadfadh Rian smaoineamh air chun a ghnólacht a fhás.**<br><br>**Comhghuaillíocht Straitéiseach** – baineann sé seo le dhá ghnólacht a thagann le chéile (dá ndeoin féin) chun oibriú ar thionscadal áirithe/ táirge/ seirbhís ar leith a fhorbairt, ach nach bhfuil **aon athrú in úinéireacht ann/ fanann an dá ghnólacht ina n-eintitis chorparáideacha ar leith.**<br><br>**Measúnú*******<br><br>Féadfaidh an cineál leathnú seo a bheith oiriúnach do Dhigibhranda ós rud é go bhféadfaidh sé a chur ar a chumas oibriú le gnólachtaí eile a bhféadfaidh níos mó saineolais i réimsí margaíochta ar leith a bheith acu/ Teacht ar mhargaí/ chonarthaí nua. Féadfaidh Digibhranda tarraing siar go héasca ón ngníomhaíocht. Baineann an dá ghnólacht tairbhe as scileanna comhroinnte agus déantar saineolas agus costais a chomhroinnt.<br><br>**Táthcheangal** – Táthcheangal atá ann nuair **a cheannaítear 51% de na scaireanna i gcomhlacht eile** bíodh sé ar bhealach naimhdeach nó fabhrach. Déanann an comhlacht fála an comhlacht eile a ghlacadh chuige féin. Cailltear féiniúlacht an chomhlachta i ndiaidh na fála agus déantar cuid den chomhlacht fála de.<br><br>**Measúnú*******<br><br>Is beag seans go dtarlóidh sin ós rud é gur cuideachta an-bheag í Digibhranda agus tá MediaMania ar cheann de na mórchuideachtaí atá lonnaithe i Londain. D'fhéadfadh sé bheith an-chostasach do Dhigibranda.<br><br>**Borradh Orgánach** – is é seo fairsingiú nádúrtha gnólachta/ borradh nádúrtha **ón taobh istigh agus a acmhainní féin a úsáid.** Féadfaidh Digibhranda níos mó dá sheirbhísí a dhíol nó seirbhísí nua a fhorbairt. Margadh intíre atá ag dul i méid/ dul isteach sa mhargadh idirnáisiúnta/ceadúnú/saincheadú.<br><br>**Measúnú*******<br><br>Ligfeadh an cineál fairsingiú seo do Rian úinéireacht a choimeád ar a ghnólacht agus aon éadálacha costasacha a sheachaint. Ina ainneoin sin, próiseas mall céim ar chéim is ea é toisc go dtógann sé am chun cúlchistí a fhorbairt. | |

**ROINN 3**
**(240 marc)**

Freagair **Ceithre** cheist as **Roinn 3** mar a leanas:
Ceist **amháin** as **Cuid 1**, **Dhá** cheist as **Cuid 2** agus
ceist **amháin** eile as **Cuid 1** nó as **Cuid 2**. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

| Ceist | Freagraí Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|
| **1. (A)** | **(i) Tabhair breac-chuntas ar dhá chúis le dífhostú cóir, mar atá leagtha amach faoi na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977/2007.**<br><br>**Neamhinniúlacht ó thaobh an fhostaithe.** Níl an fostaí in ann dualgais riachtanacha a chur i gcrích (drochfheidhmíocht oibre; cliseadh na spriocanna atá leagtha síos a chomhlíonadh).<br><br>**Cáilíochtaí (mífhaisnéis arna tabhairt ag an bhfostaí).** Easpa cáilíochtaí teicniúla nó cáilíochtaí gairmiúla foirmiúla de réir mar is iomchuí le haghaidh na hoibre dar fostaíodh an fostaí /an fostóir a chur amú i dtaobh cáilíochtaí.<br><br>**Mí-iompar ag an bhfostaí.** Iompar míchuí/ iompar do-ghlactha ag an bhfostaí e.g. gadaíocht, mí-úsáid substaintí, foréigean ag an obair.<br><br>**Iomarcaíocht.** De bharr na nithe seo a leanas: dúnadh, iomaíocht, laghdú ar éileamh, ciorruithe (nósanna imeachta cothroma curtha i bhfeidhm).<br><br>Is éard is **neamhchumas** ann freastal an fhostaí i.e. míphoncúlacht, neamhláithreacht sheasta nó saoire bhreisithe bhreoiteachta etc.<br><br>**Cúiseanna Dlí.** Dá mbrisfí an dlí ar shlí éigin trí bheith ag leanúint den phost e.g. dá mbeadh víosa oibre fostaí as feidhm, etc.<br><br>**(ii) Mínigh an téarma 'dífhostú inchiallaithe', agus tabhair sampla chun tacú le do fhreagra.**<br><br>Is éard is dífhostú inchiallaithe ann ná cás ina bhfuil an fostóir **ag cruthú an oiread sin deacrachtaí d'fhostaí/ go mbraitheann an fostaí nach bhfuil aon rogha eile aige ach éirí as a phost/,** agus fógra a thabhairt nó gan fógra a thabhairt.<br><br>*E.g. Bíonn fostaí á chiapadh ag a bhainisteoir i gcónaí, a chuireann an milleán ar an bhfostaí as gach fadhb sa ghnólacht. Braitheann an fostaí nach bhfuil an dara rogha aici ach chun éirí as a post.*<br><br>*Féadfaidh athrú i bhfeidhmeanna do phoist a bheith ina chúis le cás dífhostú inchiallaithe rathúil.* | **20 marc**<br>**(12m+8m)** |

| | | |
|---|---|---|
| **(B)** | **Tabhair breac-chuntas ar trí mhodh eile chun conradh dleathach a fhoirceannadh.**<br><br>**Dírathú** – tarlaíonn eachtra gan choinne a chiallaíonn nach féidir an conradh a chur i gcrích. *Cuirtear ceolchoirm ar ceal toisc go n-éiríonn an t-amhránaí tinn agus nach bhfuil sé in ann bheith ag casadh/bás nó féimheacht duine amháin de pháirtithe an chonartha.*<br><br>**Sárú** – teipeann ar pháirtí amháin sa chonradh a (h)oibleagáid chonartha a chomhlíonadh. Tá an páirtí ag sárú coinníoll riachtanach conartha. D'fhéadfadh an ceart caingne a bheith ag an bpáirtí eile sna cúirteanna agus d'fhéadfadh an páirtí agairt a dhéanamh maidir le damáistí. *Níl peileadóir gairmiúil i láthair ag seisiún traenála agus dá bhíthin sin sháraigh sé a chonradh leis an gclub.*<br><br>**Comhaontú** – aontaíonn an dá pháirtí deireadh a chur leis an gconradh, is cuma cé acu ar baineadh nó nár baineadh cuspóir an chonartha amach. *Fostaíodh fostaí ar chonradh 9 mí agus cuireann sé an tionscadal i gcrích i 6 mhí. Aontaíonn an fostóir agus an fostaí araon deireadh a chur leis an gconradh.*<br>Is féidir deireadh a chur le conradh fostaíochta le comhaontú, má tá clásal sa chonradh ina luaitear gur féidir an conradh a fhoirceannadh má thugtar fógra míosa. | **20 marc** |
| **(C)** | **Déan measúnú ar fheidhmeanna an GNT (CICT) i dtaca le leas tomhaltóirí a chosaint.**<br><br>**Faisnéis** a chur ar fáil do thomhaltóirí faoina gcearta i dtaca le ceannach earraí agus seirbhísí – bileoga eolais, suíomh gréasáin, líne theileafóin.<br><br>Na **dlíthe tomhaltais iomchuí a fhorfheidhmiú** agus **comhlíonadh a spreagadh**, e.g. pionóis ar an láthair agus orduithe toirmisc.<br><br>**Cionta amhrasta a fhiosrú** faoi cheann ar bith de na dlíthe ábhartha, e.g. tá sé de chumhacht ag an GNT dul isteach in áitreabh chun fianaise a bhailiú, le tacaíocht ó na Gardaí más gá. Tá 14 lá ag an trádálaí chun achomharc a dhéanamh in aghaidh an fhógra. Má theipeann ar an trádálaí comhlíonadh, féadfaidh an GNT imeachtaí coiriúla a ghlacadh.<br><br>**Comhairle a chur ar lucht déanta** beartas (sa Rialtas) i dtaca le cosaint tomhaltóirí agus cúrsaí iomaíochta. | **20 marc** |

| | | |
|---|---|---|
| | **Praghsáil bhréagach a thoirmeasc**, e.g. má tá praghas earraí á bhfógairt mar phraghas laghdaithe i sladmhargadh, is gá go raibh na hearraí sin á ndíol ar phraghas níos airde ar feadh fiche is a hocht lá as a chéile am éigin le trí mhí anuas. Is féidir leis an GNT **fógra comhlíonta** a sheirbheáil ar thrádálaí a mheasann sí a bhí páirteach i ngníomhaíocht thoirmiscthe.<br><br>**Liosta Cosanta Tomhaltóirí** a fhoilsiú; liosta de thrádálaithe a ciontaíodh i gcionta coiriúla, atá faoi réir orduithe cúirte, atá faoi cheangal gealltanais, ar seirbheáladh le fógra comhlíonta iad, nó atá faoi réir fógra íocaíochta socraithe.<br><br>**Cásanna a tharchur** chuig an **Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí** nuair is iomchuí.<br><br>Féadfaidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí iarratas a dhéanamh chuig an **gcúirt freisin ar ordú a éileoidh ar an ngnólacht cúiteamh a íoc** as aon chaillteanas nó damáiste don tomhaltóir a d'eascair ó chion.<br><br>**Measúnú**********<br>D'fhéadfaí tagairt a dhéanamh do scannal astaíochtaí Volkswagen, etc.<br><br><br>**<u>Comhlacht reachtúil í CICT ó Dheireadh Fómhair 2014</u>**<br><br>**Cleachtais a fhiosrú agus a cheistiú** a dhéanann damáiste don tomhaltóir agus/nó don gheilleagar i gcoitinne.<br><br>**Faisnéis a chur ar fáil** do thomhaltóirí chun cuidiú leo cinntí eolacha a dhéanamh.<br><br>**Comhlíonadh** réim rialála nua **a chur chun cinn.**<br><br>Féadfar **gníomhartha forfheidhmiúcháin** a ghlacadh in aghaidh cuideachtaí trádála a sháraíonn an reachtaíocht cosaint tomhaltóirí.<br><br>**Comhairle a chur ar lucht déanta beartas** (sa Rialtas) i dtaca le cosaint tomhaltóirí agus i dtaca le cúrsaí iomaíochta.<br><br>**Cumaisc agus éadálacha a scrúdú** lena chinntiú nach bhfuil laghdú suntasach iomaíochta ann in Éirinn a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar phraghsanna/seirbhísí a chuirtear ar fáil do chustaiméirí.<br><br>Freagracht as **faireachas margaidh a dhéanamh i dtaca le sábháilteacht táirgí** a chumhdaítear i dtreoracha éagsúla ón Aontas Eorpach. | |

| | | |
|---|---|---|
| | **Deireadh a chur le hiompar frithiomaíoch agus nósanna imeachta frithiomaíocha a dhéanann dochar do thomhaltóirí** (trí chaingne cúirte nuair is gá).<br><br>www.consumerhelp.ie "maidir linn" le haghaidh pointí breise.<br><br>**Measúnú** ******* | |

| Ceist | Freagraí Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|
| **2. (A)** | **Déan plé ar na slite éagsúla a dtéann Rialtas na hÉireann i bhfeidhm ar an Lucht Saothair in Éirinn.**<br><br>Tá said seo ar na freagraí a d'fhéadfaí a thabhairt:<br><br>Nuair a leagtar síos íosphá dleathach náisiúnta d'fheadfadh sé cosaint a thabhairt d'oibrithe ar phá íseal, ach d'fhéadfadh roinnt fostaithe a bheith níos measa as mar d'fhéadfadh sé tarlú nach bhfostódh fostóirí daoine de bharr costais atá ag méadú (éilíonn fostóirí níos lú saothair ag an ráta pá níos airde agus thiocfadh laghdú ar an bhfostaíocht dá bharr). Ba cheart go dtiocfadh méadú ar sholáthar lucht saothair ós rud é go mbeidh níos mó oibrithe toilteanach iad féin a chur chun cinn le haghaidh fostaíochta ar phá níos airde.<br><br>Socraíonn an rialtas na rátaí i gcomhair ÍMAT/ÁSPC/MSU, etc. D'fhéadfadh na rátaí cánach a bheith ina ndreasú/ndídhreasú le dul ag obair.<br>Spreagann ráta íseal cáin chorparáide 12.5% infheistíocht dhíreach eachtrach, agus tagann méadú ar ghnólachtaí agus ar lucht saothair in Éirinn dá bharr. Tugtar níos mó ioncam indiúscartha d'fhostaithe agus do thomhaltóirí de bharr cánachas íseal pearsanta i bhfoirm ÍMAT agus cáin níos ísle ar ús a thuilltear (DIRT), a mhéadaíonn an t-éileamh ar na hearraí agus ar na seirbhísí, rud a mhéadaíonn an lucht saothair.<br><br>Deimhníonn infheistíocht an rialtais in oideachas 3ú leibhéal do gach mac léinn in Éirinn atá díolmhaithe ó tháillí teagaisc soláthar seasta lucht saothair sároilte. Tugann an oiliúint a chuirtear ar fáil trí eagraíochtaí ar nós SOLAS, deis do dhaoine dífhostaithe cur lena scileanna agus cuidíonn sé le daoine atá as obair dul isteach sa lucht saothair arís.<br><br>Cuirtear de chúram ar Ghníomhaireachtaí Rialtais ar nós Fhiontraíocht Éireann agus OFAnna bheith freagrach as cuidiú le gnó a bhunú, gnó a fhás agus gnó a fhorbairt, rud a chruthaíonn fostaíocht agus a fheabhsaíonn an lucht saothair dá bharr sin. Tugann OFAnna suas le €20,000 de dheontais indéantachta/nuálaíochta má bhíonn na fiontraithe in ann 50% de na costais ar a laghad a mheaitseáil. Tá deontais fairsingithe ghnó suas le €80,000 ar fáil do thrádálaithe aonair, do chomhpháirtíochtaí, do chuideachtaí pobail nó do chuideachtaí teoranta. Tá scéimeanna SEED agus BES ar fáil do chuideachtaí easpórtála nó do chuideachtaí ag a bhfuil cumas easpórtála.<br><br>GFT Éireann, comhlacht stáit, a tharraingíonn cuideachtaí ilnáisiúnta go hÉirinn trí chúnamh deontais, etc. cruthaíonn sé fostaíocht mhór timpeall na tíre. | **20 marc** |

| | | |
|---|---|---|
| | Rialachán a bheith ann ar nós dlí Fostaíochta, dlí Sláinte & Sábháilteachta, dlí Iomaíochta, etc. Spreagann timpeallacht rialála níos fearr fás agus fairsingiú gnólachtaí agus tagann ardú ar lucht saothair dá bharr.<br><br>Déanann caiteachas ar thionscadail nua bonneagair agus feabhsú tionscadal bonneagair ar nós bóithre, aerfort, calafort, teileachumarsáide agus leathanbhanda fostaíocht le linn na céime tógála a ardú agus cothaíonn sé tuilleadh gnó de bharr bonneagair níos fearr a bheith ann, rud a chruthaíonn fostaíocht sa bhreis.<br><br>Is fostóir tábhachtach é Rialtas na hÉireann – oibríonn beagnach 300,000 duine san earnáil phoiblí, is é an Rialtas an fostóir aonair is mó atá ann dá bharr sin. Bhí tionchar diúltach ag ciorruithe pá agus an lánchosc ar earcaíocht a tugadh isteach san earnáil phoiblí le blianta beaga anuas ar an lucht saothair. | |
| **(B)** | **Déan anailís ar na buntáistí agus ar na míbhuntáistí don saincheadúnaí a bhaineann leis an saincheadú mar rogha i gcás gnólachta nuathionscanta**<br><br>*Buntáistí:*<br>Foirmle seanbhunaithe – baol laghdaithe.<br>Gnó/ainm/branda seanbhunaithe a cheannach ag a bhfuil léirithe arís agus arís eile aige gur féidir brath air/ baol níos ísle teipe sa mhargadh/ Tá rath ar an smaoineamh gnó cheana féin.<br><br>Bonn custaiméirí ann cheana féin díolacháin ráthaithe ann dá bharr.<br><br>Teacht a bheith ar thaithí agus ar chórais an tsaincheadúnóra/féadfar foghlaim ó shaincheadúnóirí eile/tairbhe a bhaint as cur chuige ar leith amháin.<br><br>Costas íseal/ láraithe/ cumhacht ceannaigh grúpa/ lascainí builc. barainneachtaí scála/féadfar costais ar nós margaíochta a roinnt idir na saincheadúnaithe uile.<br><br>Oiliúint agus tacaíocht bainistíochta curtha ar fáil ag an saincheadúnaí.<br><br>Aitheantas branda/féadfar ainm nó lógó atá seanbhunaithe cheana a úsáid.<br><br>Roinntear nuálaíocht táirge.<br><br>Bheith mar chuid de eagraíocht níos mó e.g. tairbhe a bhaint as láithreacht náisiúnta/idirnáisiúnta. | **20 marc** |

| | | |
|---|---|---|
| | *Míbhuntáistí:*<br>Ardchostais tionscnaimh (táille shaincheadúnais thosaigh)/Íoctar na ríchíosanna as na brabúis.<br><br>Níl rogha ann i gcomhair bua aonair/srianta curtha i bhfeidhm/easpa saoirse chun athruithe a dhéanamh nó aghaidh a thabhairt ar iomaíocht nua/ Ní mór rialacháin/caighdeáin dhochta a shocraíonn an saincheadúnaí a chomhlíonadh.<br><br>D'fhéadfadh saincheadúnaithe íomhá dhiúltach a thabhairt don bhranda amach anseo de bharr drochfheidhmíochta nó éagumais/ d'fhéadfadh sé bheith deacair ardchaighdeáin an bhranda a chaomhnú. | |
| **(C)** | **Déan plé ar na freagrachtaí sóisialta atá ar ghnólacht i leith aon ceithre cinn de na páirtithe leasmhara dá dtagraítear thuas.**<br><br>*Infheisteoirí:*<br>Ná coinnigh faisnéis faoi cheilt – bí ionraic agus trédhearcach leis na hinfheisteoirí i gcónaí/léargas fírinneach cóir a thabhairt ar fheidhmíocht agus staid airgeadais an ghnólachta, cuntais iomchuí a choinneáil.<br><br>Infheistíocht chaipitil a úsáid mar is cóir – ní mór cistí infheisteora a chaitheamh ar an ábhar ar tugadh iad.<br><br>Toradh réasúnta ar infheistíocht a thabhairt – tá infheisteoirí ag dul sa seans agus caipiteal á chur ar fáil acu agus ba cheart toradh cóir a thabhairt dóibh má shaothraítear brabús.<br><br>*Fostaithe:*<br>Pá cóir a íoc – Ní mór an pá íosta ar a laghad a íoc le fostaithe agus ní mór pá a thabhairt dóibh a léiríonn an obair a rinneadh agus cáilíochtaí agus scileanna na bhfostaithe.<br><br>Ionad oibre atá sábháilte agus folláin a sholáthar ba cheart caighdeáin dlí agus caighdeáin mhorálta a bheith á gcóiméad san ionad oibre.<br><br>Caitheamh go cothrom le gach fostaí – meas céanna a bheith ann do gach fostaí agus caitheamh le gach fostaí ar bhealach cóir atá lán dínite/reachtaíocht fostaíochta/ gan aon leithcheal.<br><br>Fostaíocht/cinnteacht phoist a choimeád – caithfidh an gnó a dhícheal a dhéanamh chun go mbeidh an gnó i staid airgeadais maith le fostaithe a choimeád ina bpoist. | **20 marc** |

| | | |
|---|---|---|
| | <u>*Custaiméirí:*</u><br>Táirgí ardchaighdeáin ar phraghsanna réasúnta a chur ar fáil – earraí a thairgeadh atá sábháilte agus ar beag seans go ndéanfaidh siad dochar d'aon duine agus praghsanna atá cothrom a ghearradh.<br><br>Ná cuir custaiméirí amú i dtaca le seirbhís/táirge, praghas/faisnéis, ní mór fógraíocht agus faisnéis a bheith ionraic agus oiriúnach don phobal meáin a bhfuil sí dírithe air.<br><br>Déileáil le gearáin ar bhealach cóir – nós imeachta sásúil a chur ar fáil do chustaiméirí.<br><br>Seirbhís iardhíola a sholáthar – ba cheart cúnamh sásúil a thabhairt do chustaiméirí i ndiaidh dóibh rud a cheannach.<br><br><u>*Soláthraithe:*</u><br>Conarthaí a aontaíodh a chomhlíonadh.<br>Íocaíochtaí tapa laistigh den am a aontaíodh.<br>Gan bhrú/ éigeantas bheith ann.<br>Nósanna imeachta tairisceana a leanúint nuair is infheidhme.<br><br><u>An Rialtas:</u><br>Gach cáin a íoc nuair ata sí dlite ÍMAT, CBL agus Cáin Chorparáide.<br><br>Cloí le reachtaíocht éagsúil (dlí fostaíochta, dlí comhshaoil, dlí cuideachtaí, dlí tomhaltais, etc.)<br><br>Úsáid a bhaint as airgeadas an rialtais mar a bhí i gceist leis (Deontais).<br><br>Comhoibriú le ranna agus le gníomhaireachtaí eile rialtais**.** | |

| Ceist | Freagraí Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|
| **3. (A)** | ***Ní féidir a bheith ag brath ar Infheistíocht Dhíreach Eachtrach níos mó– is fearr dúinn ár ngnóthaí dúchasacha féin a fhás ina ionad sin.***<br><br>**Cé chomh mór agus a aontaíonn tú leis an ráiteas thuas? Tabhair breac-chuntas ar chúiseanna le do fhreagra.**<br><br>Aontaíonn -Buntáistí/Tábhacht le gnóthaí dúchasacha<br><br>Tá said seo ar na freagraí a d'fhéadfaí a thabhairt:<br><br>Tá gnóthaí dúchasacha faoi úinéireacht Éireannach **dílis** don tír inar bunaíodh iad agus inar thosaigh siad amach agus d'fhéadfaidís fanacht anseo beag beann ar chostas.<br><br>Cruthaíonn gnóthais bheaga/mheánmhéide fostaíocht ollmhór (tá breis agus 150,000 GBM in Éirinn)-bíonn siad **níos déine ó thaobh dlúthshaothair** ná FDI (infheistíocht dhíreach eachtrach) de ghnáth.<br><br>Fás a spreagadh – rud a chruthaíonn **cultúr fiontraíochta** laistigh de phobail.<br><br>**Solúbtha/tá siad in ann dul in oiriúint d'athruithe ar dhálaí sa mhargadh**-is féidir leo deiseanna a fheiceáil agus freagairt do na coinníollacha margaidh níos tapúla ná Cuideachtaí Ilnáisiúnta móra.<br><br>**Baineann an pobal áitiúil** tairbhe as an ioncam a ghnóthaíonn na gnólachtaí agus an pá a chaitheann na fostaithe.<br><br>**Tacaíocht**–d'fhéadfaí **seach-chuideachtaí** a fhorbairt chun tacaíochtaí éagsúla/seirbhísí éagsúla a chur ar fáil do ghnólachtaí dúchasacha atá ann.<br><br>**Coinnítear brabúis in Éirinn** agus déantar iad a **athinfheistiú i ngeilleagar na hÉireann**.<br><br>**Táthar ag brath níos lú ar infheistíocht dhíreach eachtrach FDI**-d'éirigh go maith le gnólachtaí dúchasacha intíre aschur agus fostaíocht a fhás de bharr mhargadh na Ríocht Aontaithe a bhfuil borradh faoi. D'fheadfadh comhlachtaí ilnáisiúnta móra damáiste a dhéanamh don chomhshaol/d'fhéadfadh an rialtas a bheith go mór faoina n-anáil/d'fhéadfadh nach ndéanfaidís brabúis a athinfheistiú. | **20 marc** |

| | | |
|---|---|---|
| | Ní aontaíonn – Buntáistí/Míbhuntáistí atá le hinfheistíocht dhíreach eachtrach (FDI)<br><br>Tá said seo ar na freagraí a d'fhéadfaí a thabhairt:<br><br>**Fostaíocht mhór** (fostaíocht dhíreach agus fostaíocht indíreach) – líon níos mó poist a chruthú níos tapúla ná gnólachtaí dúchasacha agus poist sa bhreis a bheith ann dá bharr sna seirbhísí tacaíochta le gnólachtaí ilnáisiúnta/ Cuireann fostaíocht le hioncam agus caiteachas laistigh de phobail.<br><br>**Comhardú na nÍocaíochtaí a fheabhsú** ar an gcuntas reatha trí bhorradh a chur faoi easpórtálacha – táirgí a dhéantar anseo á ndíol ar fud na hEorpa, etc. agus tá ioncam a bhfuil géarghá leis don gheilleagar ann dá bharr/ rochtain éasca ar mhargaí idirnáisiúnta.<br><br>**Tionchar dearfach seachtháirge don gheilleagar áitiúil agus do ghnólachtaí áitiúla dúchasacha.** Seachthairbhí a chruthú do sholáthraithe agus do sholáthraithe seirbhíse na hÉireann (bunaítear an-chuid gnólachtaí chun amhábhair nó seirbhísí a chur ar fáil don chomhlacht ilnáisiúnta agus cruthaíonn sé sin níos mó poist agus ioncam don gheilleagar áitiúil.<br><br>**Méadú ar ioncam cánach an rialtais i gcomhair an gheilleagair** – cé go bhfuil ráta cánach corparáide íseal (12.5%) in Éirinn ar cheann de na príomhchúiseanna a ndéanann gnólachtaí ilnáisiúnta infheistíocht in Éirinn tugann siad an-chuid airgid d'ioncam Rialtais trí **cháin chorparáide ar bhrabúis**, **CBL ar cheannacháin agus ÍMAT a íocann fostaithe.**<br><br>Tugann siad **bunachar eolais agus saineolas gnó** go hÉirinn./Déanann an ceangal seo an saol níos fusa d'fhiontraithe 'ardchumasacha' a ngnólachtaí féin a bhunú, agus meanma fhiontraíoch a chur chun cinn leis sin.<br><br>**Infheistíonn siad i dteicneolaíochtaí nua/ T&F agus Oideachas**, cuirtear le bonn scileanna oibrithe Éireannacha agus cuirtear feabhas ar shoghluaisteacht agus ar shaineolas fostaithe dá bharr/modhanna táirgeachta níos sofaisticiúla atá ina chúis le táirgiúlacht níos airde agus costais aonaid níos lú.<br><br>**Infheistíonn siad caipiteal** rud a chuireann leis an éileamh/ rud a chuireann borradh faoi fhás geilleagrach.<br><br>**Cáil na hÉireann a fheabhsú mar áit chun gnó a dhéanamh** (cáilmheas idirnáisiúnta). | |

| | | |
|---|---|---|
| **(B)** | **Déan plé ar na dúshláin mhargaíochta a d'fhéadfadh a bheith roimh ghnó in Éirinn agus é i mbun trádála ar fud an domhain, úsáid samplaí chun tacú le do fhreagra.**<br><br>**D'fhéadfadh gá a bheith ann an táirge a chur in oiriúint** chun freastal ar riachtanais áitiúla. Sampla: Bheadh gá táirgí leictreonacha/leictreacha a athchóiriú chun go mbeidís oiriúnach do shoicéid leictreacha i ngach tír eile lena ndíoltar lasmuigh d'Éirinn agus lasmuigh den Ríocht Aontaithe.<br><br>**Ní mór praghas a chur san áireamh caighdeán maireachtála, costais iompair, iomaíocht áitiúil, cánacha, rátaí malairte, etc.** – d'fhéadfadh go ndéanfadh an gnólacht Éireannach praghas ní b'airde a ghearradh in Éirinn de bharr caighdeán maireachtála in Éirinn agus an bonn costas ard atá ann ach d'fhéadfadh sé praghas ní b'ísle a ghearradh i dtíortha amhail Meiriceá Theas.<br><br>**Bealaí Dáileacháin níos faide (áit)** d'fhéadfadh go mbunódh gnólachtaí eile monarcha déantúsaíochta i dtíortha eile nó a bheith ag feidhmiú faoi cheadúnas de chuid cuideachtaí eile – bhunaigh Glanbia monarcha i dtíortha éagsúla, an Ghearmáin, an Bheilg, SAM, etc. ina measc.<br><br>Is príomhthosca iad **an teanga, an cultúr, na meáin** a chaitheann gnólacht a chur san áireamh sula dtugann sé faoi fheachtas bolscaireachta. Ní féidir fógraíocht a dhéanamh ar tháirgí tobac in Éirinn ach is féidir fógraíocht a dhéanamh fúthu i dtíortha eile. | **20 marc** |
| **(C)** | **Mínigh na téarmaí trádála idirnáisiúnta seo a leanas:**<br><br>*(i)* ***Geilleagar Oscailte***<br>Is éard is geilleagar oscailte ná geilleagar a théann **i mbun trádáil idirnáisiúnta** – déantar trádáil ar earraí agus seirbhísí sa phobal idirnáisiúnta. Féadtar cístí a aistriú trasna teorannacha a thugann deis do thíortha iasacht a fháil ó thír eile más gá. Tomhas ar oscailteacht tíre is ea an codán de OTI atá curtha i leataobh d'iompórtálacha agus d'easpórtálacha. Déantar beagnach 80% den mhéid a tháirgtear in Éirinn a easpórtáil.<br><br>*(ii)* ***Bloc Trádála***<br>Is ionann Bloc Trádála agus **grúpa tíortha a eagraíonn limistéar saorthrádála, cómhargadh nó aontas custam chun bacainní trádála a laghdú nó chun fáil réidh leo,** e.g. an tAontas Eorpach, NAFTA (comhaontú idir Meiriceá Thuaidh, Ceanada agus Meicsiceo). Aontaíonn bloic thrádála tacar taraifí ar iompórtálacha ó thíortha atá lasmuigh den bhloc trádála. | **20 marc** |

| | | |
|---|---|---|
| | *(iii)* ***Cosantas***<br>Baineann cosantas le **Rialtais atá ag cosaint a dtionscail intíre ó iomaíocht eachtrach trí bhacainní trádála a thabhairt isteach** e.g. taraifí, cuótaí, trádbhaic, fóirdheontais a íoc le tionscail intíre. Cuirtear bearta cosantais i bhfeidhm chun iompórtálacha a laghdú agus/nó iad a dhéanamh níos daoire, chun poist a chosaint, tionscail ar leith a chosaint agus chun feabhas a chur ar chomhardú na n-íocaíochtaí.<br>*(iv)* ***Dírialáil***<br>**Cumhacht rialtais a laghdú nó deireadh a chur leis i dtionscal ar leith**/ Baineann sé le fáil réidh le **bacainní dlí chun dul isteach i dtionscal. Is gnách go gcruthaíonn sé tuilleadh iomaíochta** laistigh den tionscal. Ba cheart méadú ar éifeachtacht a bheith ann agus praghsanna ní b'ísle a bheith de bharr méadú ar iomaíocht.<br><br>Dhírialaigh an tAontas Eorpach an tionscal aerlíne chun níos mó iomaíochta a bheith ann de bharr cealú monaplachtaí agus rogha níos fearr a bheith ann le haghaidh tomhaltóirí/ luach ar airgead. Tháinig aerlínte saora ar nós Ryanair chun cinn dá bharr. | |

| Ceist | Freagraí Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|
| 4. (A) | **Déan plé ar an gcaoi a bhféadfadh foireann an óstáin tréithe/scileanna fiontraíochta a chur i bhfeidhm chun na himeachtaí éagsúla a bhaineann leis an gceiliúradh céad bliain a fhorbairt.**<br><br>Tá said seo ar na freagraí a d'fhéadfaí a thabhairt:<br><br>D'fhéadfadh an fhoireann smaointe nua nó bealaí nua chun rudaí a dhéanamh a cheapadh. Gné uathúil dhíolacháin (USP) a fhorbairt chun idirdhealú a dhéanamh idir a hóstán agus óstáin eile. Tá cur chuige nuálach/cruthaitheach (Cur chuige físiúil) ag teastáil.<br><br>Is é sásamh custaiméirí an rud is tábhachtaí in aon ghnó rathúil, tá fócas ar chustaiméirí de dhíth mar sin. Ní mór d'fhoireann Mayfair riachtanais custaiméirí a dhéanamh amach agus tús áite a thabhairt do na riachtanais sin.<br><br>An cumas plé le daoine ar bhealach deas. Beidh an fhoireann ag obair i bhfoirne chun tuairimí a spreagadh agus chun imeachtaí a phleanáil agus tá caidreamh daonna maith riachtanach mar sin. Beidh siad ag plé le custaiméirí agus le custaiméirí féideartha chomh maith.<br><br>Cumas chun bheith in ann athrú de réir mar a thagann athrú ar chúrsaí. Tá an timpeallacht ghnó an-bhríomhar mar sin d'fhéadfadh nach rachadh gach rud mar ba chóir. Ní mór d'fhoireann dul i dtaithí ar chúrsaí a bhíonn ag athrú. Gá le solúbthacht.<br><br>An cumas a bheith in ann féachaint ar rudaí mar atá siad in áit féachaint orthu mar ab áil leat iad a bheith. Ní mór don fhoireann bheith réadúil lena cuid smaointe agus pleananna agus a bheith réadúil faoin méid a fhéadfaidh sí a baint amach taobh istigh de sprioc ama ar Leith/braistint réaltachta.<br><br>An cumas gníomhú sula dtarlóidh rud, in áit gníomhú nuair a tharlaíonn sé. Ní mór don fhoireann a bheith i gceannas agus a bheith ina húdar ar chúrsaí in áit fanacht thart go dtí go dtitfidh rud éigin amach. Ní mór d'fhoireann glacadh le cur chuige réamhghníomhach.<br><br>Caithfidh foireann a bheith ag súil le riachtanais custaiméara amach anseo/ ní mór fís a bheith acu a chuireann ar a gcumas a bheith ag súil le riachtanais custaiméara agus smaoineamh chun cinn/dírithe ar an am atá le teacht. Ní mór bheith chun tosaigh ar a lucht iomaíochta. | **20 marc** |

| | | |
|---|---|---|
| | I gcás daoine a bhfuil treallús iontu tá sé riachtanach go mbeadh sé de chumas acu cinntí éifeachtacha a dhéanamh go tapa. Ní mór don bhainistíocht agus don fhoireann a bheith inn ann an scéal a mheas, roghanna a aithint, dhá thaobh an scéil a chur sa mheá sula ndéanann siad cinntí a rachaidh chun tairbhe don óstán. | |
| **(B)** | **Déan measúnú ar an tslí a gcuireann cineálacha éagsúla pleanála leis an rath ó thaobh cúrsaí gnó de. Bíodh baint ag do fhreagra le hÓstán Mayfair agus aon bhoinn tuisceana atá cuí á gcur san áireamh agat.**<br><br>**Pleanáil Straitéiseach** (Corparáideach) – pleananna fadtéarmacha ar feadh tréimhse suas go 5 bliana de ghnáth. Tugann sé treoir nó creat ar an áit a mbeidh an gnó/t-óstán san fhadtréimhse. Is í an fhoireann bainistíochta sinsearaí a cheapann pleananna straitéiseacha de ghnáth le brabúsacht fhadtéarmach an ghnólachta a chinntiú agus le cinntiú go mairfidh sé. D'fhéadfadh nithe mar seo a leanas: a sciar den mhargadh a mhéadú 20% as seo go ceann 5 bliana/brabúsacht a mhéadú 10%/ áit a fháil ar mhargadh na Ríochta Aontaithe a bheith mar phlean straitéiseach.<br><br>*D'fhéadfadh sé go mbeadh pleananna fadtéarmacha ag Óstán Mayfair ar nós a sciar den mhargadh a mhéadú, nó a bheith mar cheannaire margaidh. Tabharfaidh na pleananna seo deis don ghnólacht fás i réimsí féideartha nua ar nós comhdhálacha gnó (ag cur na háiseanna is déanaí i gcomhair físchomhdhálacha agus closchomhdhálacha ar fáil), bainiseacha/fleánna, Spá agus ionad spóirt agus ionad fóillíochta etc. Cabhróidh sé leo brabús a mhéadú mar aon le háiseanna nua a bhunú ar a mbeidh siad in ann praghsanna níos airde a iarraidh orthu nó foinse ioncaim úrnua a bheith acu.*<br><br>Is pleanáil gearrthéarmach atá i b**Pleanáil Oirbheartaíochta** (Feidhmiúil), is pleananna a mhaireann idir bliain agus dhá bhliain iad atá riachtanach le pleananna straitéiseacha agus fadtéarmacha an ghnólachta a bhaint amach. Is éard atá sna pleananna briseadh síos ar na pleananna straitéiseacha i sraith gníomhartha/beartaíochta le cabhrú leis an mbainistíocht roinnt cuspóirí/spriocanna sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma a bhaint amach.<br><br>*D'fhéadfadh an fhoireann taighde margaidh a dhéanamh ar an bhféidearthacht leathnú amach go dtí an margadh comhdhála/fleá. Má tá torthaí an taighde sin dearfach d'fhéadfadh an t-óstán leanúint ar aghaidh leis an bplean le hionad comhdhála a thógáil.* | **20 marc** |

| | | |
|---|---|---|
| | ***NÓ***<br>D'fhéadfadh pleanáil maidir le gníomhaíochtaí laethúla agus seachtainiúla ar nós socrú amchlár, uainchláir laethanta saoire etc. a bheith mar chuid den **Phleanáil Oibríochtúil.**<br><br>*Tá pleananna oibríochtúla i bhfeidhm ag Óstán Mayfair do na rannóga éagsúla uile san óstán cuir i gcás an Chistin, an Rannóg Glantacháin, Lóistín, an Oifig Fáilte etc. Tá an fhoireann uile ar an eolas maidir le cad atá le déanamh ar bhonn laethúil agus seachtainiúil, cinntíonn sé seo go dtabharfar aire mhaith do na haíonna agus go rithfear an t-óstán gan mórán anró.*<br><br>**Pleanáil daonchumhachta** - is éard a bheadh i gceist leis na daoine cearta a bhfuil na scileanna cuí acu a bheith sa ról ceart sa ghnólacht. Leis sin déantar iniúchadh ar acmhainní daonna a dhéanamh agus na riachtanais i gcomhair acmhainní daonna amach anseo a réamh-mheas.<br><br>*B'fhéidir go mbeidh ar Óstán Mayfair foireann atá ar chonradh nó foireann shealadach a earcú le linn tréimhsí gnóthacha nó i gcomhair ócáidí áirithe cuir i gcás comhdhálacha agus bainiseacha nó imeachtaí áirithe a bhaineann leis an gcomóradh céad bliain.*<br><br>**Pleananna Teagmhais –** pleananna a mbaintear úsáid astu mar phlean cúltaca nó i gcás éigeandála. Coisceann siad ar shuaitheadh sa ghnó agus mar thoradh air sin d'fhéadfaidís cosc a chur ar chaillteanas brabúis agus dúnadh gnó sa deireadh thiar.<br><br>*Seans go bhfuil pleananna teagmhais ag an Mayfair i gcomhair neart cásanna éigeandála a d'fhéadfadh tarlú san óstán, cuir i gcás dúnadh ailt áirithe den óstán, ganntanas soláthairtí riachtanacha, / seans go bhfuil plean cúltaca ann don chumhacht i ngineadóir cúltaca etc.*<br><br>Is éard atá i **Ráiteas Misin** ach ráiteas físiúil a leagann amach cuspóir ginearálta an ghnólachta agus an áit a mbeidh sé ag dul. Thabharfadh an ráiteas misin léargas do na páirtithe leasmhara ar chroíluachanna agus ar chultúr Óstán Mayfair.<br><br>*D'fhéadfadh Óstán Mayfair a chuid gnó a leathnú go réimsí nua gnó a bheadh le sonrú ina ráiteas misin.*<br><br>**Réamhaisnéis maidir le Sreabhadh Airgid**<br><br>**Measúnú** ****** | |

| | | |
|---|---|---|
| (C) | **Déan plé ar na buntáistí agus ar na dúshláin a bhaineann le struchtúr maitríse eagraíochta (struchtúr foirne) a fhorbairt chun tionscadail faoi leith a chur i gcrích i ngnólacht.**<br><br>Tá said seo ar na freagraí a d'fhéadfaí a thabhairt:<br><br>**Buntáistí**<br>Tagann **smaointí nua/ smaointeoireacht nua** isteach le haghaidh an tionscadail nuair a bhíonn pearsanra ó rannóga éagsúla (nuálaíocht) ag obair air.<br><br>Neartaítear na caidrimh san fhoireann – **cumarsáid fheabhsaithe.**<br><br>D'fhéadfaí **cur chuige comhordaithe** maidir le réiteach fadhbanna a bhaint amach nuair atá ceannaire foirne/tionscadail ann. Tá tacaíocht ag na baill foirne ó cheannaire tionscadail atá freagrach as obair na foirne a chomhordú agus as críochnú tascanna a chinntiú.<br><br>Scileanna agus taithí a roinnt – is féidir le fostaithe **scileanna nua a fhoghlaim** óna chéile/ forbairt ghairmiúil/spreagadh feabhsaithe do na fostaithe.<br><br>**Roinntear an fhreagracht** – cé go gceaptar ceannaire foirne le bheith i gceannas ar an tionscadal roinntear freagracht an taisc idir an fhoireann uile/ tá ionchur ag gach ball foirne ar chinnteoireacht agus ar réiteach fadhbanna.<br><br>**Dúshláin**<br>Is féidir le foirne a bheith mar **ionad gaotaireachta – níl ann ach caint, gan aon ghníomhaíocht. /** D'fhéadfadh daoine áirithe a bheith i gceannas ar an tasc - **ní chloistear ach aon ghuth amháin.**<br><br>Is iomaí **céim** a bhaineann le forbairt foirne: foirmiú, stoirmiú, normú agus feidhmiú/D'fhéadfadh cinnteoireacht a bheith mall mar go bhféadfadh sé roinnt ama a thógáil comhaontú a bhaint amach le linn comhairliúcháin– cuirtear na tuairimí go léir san áireamh agus d'fhéadfadh sé seo moill a chur leis an bpróiseas.<br><br>D'fhéadfadh sé a bheith **deacair** fostaithe ó réimsí éagsúla **a chomhordú**/ seans go mbeadh mearbhall ar fhostaithe agus coimhlint/clonscairt dílseachta idir a rannóg féin agus an fhoireann tionscadail toisc go mbeadh fostaithe freagrach do bheirt bhainisteoirí éagsúla.<br><br>D'fhéadfadh sé **brú contráilte a chur ar acmhainní.** Seans nach mbeadh ball foirne ón bhfoireann díolacháin sásta maoiniú breise a chur ar fáil don roinn táirgthe. | **20 marc** |

| Ceist | Freagraí Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|
| 5. (A) | **Déan plé ar na buntáistí do ghnólacht mar Ollsábháil a bhaineann le hearcaíocht inmheánach agus le hearcaíocht sheachtrach le haghaidh poist bhainistíochta.**<br><br>*<u>Buntáistí a bhaineann le hearcaíocht inmheánach:</u>*<br><br>Feabhsaítear meanma foirne an ghnólachta toisc go bhfuil réimse níos leithne agus deiseanna ar ardú céime ag an bhfoireann-dul chun cinn gairmiúil/ d'fhéadfadh sé seo a bheith mar spreagadh agus neartaíonn sé tiomantas an fhostaí don ghnólacht.<br><br>Bíonn tuiscint rí-shoiléir ag an mbainistíocht ar scileanna/chumais na bhfostaithe.<br><br>Bíonn eolas ag an bhfostaí ar an gcaoi a n-oibríonn an gnólacht as a bheith ag oibriú leo – laghdaítear an gá a bhíonn le hoiliúint ionduchtúcháin agus an costas a bhaineann leis dá réir sin.<br><br>Laghdaítear ráta athraithe an lucht saothair toisc go bhfuil deis i gcomhair ardú céime ann.<br><br>Ní chuirtear isteach an oiread céanna ar an ngnólacht/ d'fhéadfaí folúntais a líonadh níos tapa agus níos saoire/ costais fógraíochta níos lú etc.<br><br>*<u>Buntáistí a bhaineann le hearcaíocht sheachtrach:</u>*<br><br>Is féidir an t-iarrthóir is fearr don phost a earcú/ bíonn réimse iarrthóirí níos leithne ann.<br><br>Tagann smaointe úrnua isteach le fostaí nua/ bítear níos oscailte i leith athrú.<br><br>Taithí níos leithne ón bhfostaíocht roimhe seo/tacar scileanna níos fearr/daoine a bhfuil mianach níos fearr iontu.<br><br>Níl caidrimh acu le daoine sa ghnólacht cheana féin - b'fhéidir go laghdóidh sé seo an seans go mbeadh coimhlint ann/níos lú teannais i measc na foirne atá ann. | **20 marc** |

| | | |
|---|---|---|
| **(B)** | **Déan anailís ar an iarmhairt/tionchar atá ag an nuatheicneolaíocht ar chostais ghnó agus ar dheiseanna gnó. Tabhair samplaí chun tacú le do fhreagra.**<br><br>An Teicneolaíocht (an tionchar ar chostais ghnó nó ar dheiseanna gnó, ag brath ar an gcaoi a gcuireann na hiarrthóirí i láthair iad.)<br><br>An tionchar ar **airgeadas** as an teicneolaíocht a fháil – an costas airgeadais ar é a cheannach, a shuiteáil agus a chothabháil.<br><br>An tionchar ar an **táirgeadh** – caighdeán táirgí/níos éifeachtúla/barainneacht scála/costais laghdaithe/luas an táirgthe, etc.<br><br>An tionchar ar an bh**foireann** (fostaithe agus bainistíocht) – iomarcaíocht san fhoireann; costais oiliúna; réise rialúcháin níos leithne; ríomh-oibriú; an fhoireann níos ábalta; níos éifeachtúla sna feidhmeanna riaracháin, etc.<br><br>An tionchar ar an g**cumarsáid** – cinnteoireacht ghasta/níos fearr mar gheall ar chuid mhór sonraí a bheith ar fáil, etc.<br><br>An tionchar ar an **margaíocht** – fógraíocht ar líne; díolachán ar líne; ríomhthráchtáil; ríomhghnó, etc.<br><br>An tionchar ar **dhíolacháin**/breis clú i measc custaiméirí atá ann cheana/a d'fhéadfaí a fháil; buntáiste ar iomaitheoirí, etc.<br><br>An tionchar ar **shlándáil** – Briseadh anuas/sárú slándála /soghontacht an ghnó.<br><br>**An Teicneolaíocht – roinnt samplaí**<br><br>Idirmhalartú leictreonach sonraí (EDI) – Córas uathoibrithe ordaithe stoic<br><br>Cuireann **suímh ghréasáin** agus **meáin shóisialta** mar Facebook; Twitter agus LinkedIn ar chumas gnólachtaí leas éifeachtach a bhaint as an idirlíon.<br><br>Bogearraí – **Bunachar sonraí** (sonraí na gcustaiméirí /soláthróirí, etc.): **Scarbhileoga** (áireamh airgeadais agus staitistiúil, etc.): **Foilsitheoireacht barr deisce** (bróisiúir ar chaighdeán gairmiúil/bileoga/nuachtlitreacha, etc.)<br><br>Teicneolaíocht CAD; Priontáil 3T, e.g. dearadh an phacáistithe).<br><br>CAM – uathoibriú na hoibre ar an líne chóimeála.<br><br>CIM – baintear leas as róbataic chun an próiseas táirgeachta ar fad a rialú. | **20 marc** |

| | | |
|---|---|---|
| **(C)** | **(i)Mínigh an téarma dearbhú cáilíochta mar chuid de Bhainistíocht Lánch**<br>**áilíochta (BLC).**<br><br>Is córas é Dearbhú Cáilíochta a dheimhníonn do chustaiméirí go bhfuil córais mhionsonraithe i bhfeidhm le cáilíocht a rialú ag gach céim den táirgeadh ó dhearadh go díolachán an táirge/ tagraíonn sé do leibhéal cáilíochta inmhianaithe na seirbhíse nó an táirge a choinneáil trí aire a thabhairt ag gach céim de phróiseas an tseachadta nó na táirgeachta.<br><br>**(ii)Déan cur síos ar na buntáistí a bhíonn ann do ghnólacht as caighdeán/comhartha cáilíochta aitheanta a bhaint amach.**<br><br>Léiríonn comharthaí cáilíochta (i.e. comhartha Q) do chustaiméirí gur féidir leo muinín a bheith acu sa táirge – ceadaíodh an cháilíocht – **tá na caighdeáin tionscail sroichte ag na táirgí** agus ba chóir sásamh agus dílseacht custaiméirí níos airde a bheith ann mar thoradh air sin.<br><br>Is féidir iad a úsáid mar **uirlis mhargaíochta** chun bhuntáiste iomaíoch/méid na ndíolachán a mhéadú/díolacháin a fháil ó iomaitheoirí.<br><br>Cabhraíonn siad le gnólachtaí a gcuid táirgí a easpórtáil níos éasca – **aithnítear go hidirnáisiúnta** comharthaí cáilíochta ar nós ISO9001/cáil níos fearr.<br><br>D'fhéadfadh gnólacht **praghas ní b'airde a ghearradh** dá dtáirgí agus iad bainteach le branda atá ar ardchaighdeán agus thuillfí brabús níos airde mar thoradh air sin.<br><br>**Sábháiltear ar chostais**-níos lú ídiú/earráidí.<br><br>D'fhéadfaidís athdhíol táirgí a chinntiú/ a bheith mar **bhuntáiste iomaíoch.**<br><br>**Fostaithe atá níos inspreagtha/Sástacht poist.** | **20 marc (5m+15m)** |

| Ceist | Freagraí Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|
| 6. (A) | **Tabhair breac-chuntas ar na cúiseanna a ndéanann gnólachtaí fréamhshamhlacha a fhorbairt.**<br><br>Is deis atá ann an dearadh úrnua a fheabhsú chun táirge a fheidhmíonn go maith a chruthú (deireadh a chur le fabhtanna)/Fadhbanna leis an táirge a aithint agus aon fheabhas a d'fhéadfaí a dhéanamh/tástáiltear na táirgí/ Deis chun an táirge a thástáil agus é in úsáid.<br><br>Éifeacht an innealra agus an trealaimh a úsáidtear leis an táirge a dhéanamh a aithint/ Deis chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna innealtóireachta/táirgeachta le linn an phróisis táirgeachta.<br><br>Is féidir fáil amach más féidir ábhair a fháil nuair atá gá leo (an méid a theastaíonn agus an caighdeán cuí).<br><br>Faightear amach cén costas airgeadais atá i gceist chun an fréamhshamhail a tháirgeadh.<br><br>Fréamhshamhail a fhorbairt i gcomhair margaíocht tástála. | **15 mharc** |


**(B)**

**Léirigh iad seo a leanas le cairt mheá ar mheá:**
**(i) An Pointe Meá ar Mheá**
**(ii) An Lamháil Sábháilteachta ar an aschur tuartha**
**(iii) An brabús ar an Aschur Tuartha**

**25 mharc**

**Teideal 1m**
Aschur in aonaid ’000 **1m**
Ioncam/Costais €’000 1m

Cairt Mheá ar Mheá – Medron CPT




Líne CS 2 m
Líne CI 4 m
Líne II 4 m

**PMM 4m**
**ALS 4m**
**Brabús Tuartha 4m**

**(i)** PMM = Costais Sheasta /Cion Tairbhe = **400,000/30-20 = 40,000** aonad

**(ii)** An Lamháil Sábháilteachta = **60,000-40,000 = 20,000** aonad

**(iii)**An brabús ar an aschur tuartha **= 1,800,000 – 1,600,000 = €200,000**

Ríomhanna amháin: 12 m
**PMM 4m**
**ALS 4m**
**Brabús Tuartha 4m**

| Aonaid | Praghas Díola | Costais Athraitheacha | Costais Sheasta | Costais Iomlán | Ioncam Iomlán | Brabús/ caillteanas |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 0 | 30 | 20 | 400,000 | 400,000 | 0 | (400,000) |
| 40,000 | 30 | 20 | 400,000 | 1,200,000 | 1,200,000 | 0 |
| 60,000 | 30 | 20 | 400,000 | 1,600,000 | 1,800,000 | 200,000 |

| | | |
|---|---|---|
| **(C)** | **(i)I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar chostais, fuair Medron amach go laghdódh a chostais athraitheacha in aghaidh an aonaid go dtí €10. Déan an pointe meá ar mheá nua a ríomh agus léirigh an tionchar a bheidh ag an laghdú sin ar chostais athraitheacha ar líne na gcostas iomlán agus ar an mbunphointe meá ar mheá.**<br><br>PMM = Costais Sheasta /Cion Tairbhe= 400,000/30-10 = 20,000 aonad | **20 marc (15m+5m)**<br><br>$PMM_2$<br>Ríomh 5m<br>Léiriú<br>$PMM_2$ =5m<br>$CI_2$= 5m |

| Aonaid | Praghas Díola | Costais Athraitheacha | Costais Sheasta | Costais Iomlán | Ioncam Iomlán | Brabús/ caillteanas |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 0 | 30 | 10 | 400,000 | 400,000 | 0 | (400,000) |
| 20,000 | 30 | 10 | 400,000 | 600,000 | 600,000 | 0 |
| 60,000 | 30 | 10 | 400,000 | 1,000,000 | 1,800,000 | 800,000 |

**(ii) Tabhair breac-chuntas ar theorainn amháin a bhaineann le hanailís mheá ar mheá.**

Glactar leis in anailís mheá ar mheá go bhfuil costais sheasta tairseach – d'fhéadfadh CS athrú de réir mar a athraíonn an t-aschur.

Glactar leis go bhfuil an gnólacht ar an eolas mar gheall ar a chuid costas uile agus go bhfuiltear in ann idirdhealú a dhéanamh idir costais sheasta agus costais athraitheacha.

D'fhéadfadh costais athraitheacha méadú/laghdú de réir mar a mhéadaíonn an t-aschur – seans go mbeadh an gnólacht in ann níos mó amhábhar a cheannach ar phraghsanna ní b'ísle (barainneachtaí scála má cheannaítear i mbuilc).

Glactar leis go ndíolann an gnólacht an t-aschur uile – b'fhéidir go mbeadh deacrachtaí ag an ngnólacht a chuid táirgí uile a dhíol nuair atá an t-éileamh íseal.

Glactar leis go ndíolann an gnólacht a aschur uile ar phraghas aonair- d'fheadfadh gnólachtaí lascaine a thabhairt nuair a cheannaítear i mbuilc/ b'fhéidir go dtáirgeann an gnólacht níos mó ná atáthar in ann a dhíol agus beidh air an farasbarr a dhíol ar phraghas ní b'ísle.

Déantar neamhaird de thionchar athrú praghais ar dhíolacháin (laghdú ar éileamh de réir mar a mhéadaíonn praghas an táirge agus a mhalairt).

Bíonn níos mó ná táirge amháin á dhíol ag formhór gnólachtaí, bíonn an anailís mheá ar mheá níos deacra a ríomh mar sin

| Ceist | Freagraí Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|
| 7. (A) | **(i) Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí agus ar na míbhuntáistí a bhaineann le teicnící taighde tánaisteacha (deisce) a úsáid nuair a bhíonn eolas ar mhargadh á bhailiú.**<br><br>*Buntáistí:*<br>Bíonn sé níos tapa a chur i gcrích ná taighde príomhúil de ghnáth/d'fhéadfaí é a dhéanamh ar líne/tuarascálacha taighde/tuarascálacha do na meáin chumarsáide/ foilseacháin POS etc.<br><br>Tá sé neamhchostasach go leor i gcomparáid le taighde príomhúil agus coinnítear costais ghnó íseal.<br><br>Tá níos mó agus níos mó foinsí ar fáil ar líne mar sin is féidir torthaí a sheiceáil agus a gcruinneas a mheas.<br><br>Is féidir le taighde deisce faisnéis a chur ar fáil faoi iomaitheoirí agus faoi phatrúin chaiteachais tomhaltóirí.<br><br>D'fhéadfadh sé a bheith mar phointe tosaigh don ghnólacht go ndíreofar taighde príomhúil ar réimse áirithe a sonraíodh sa taighde tánaisteach.<br><br>*Míbhuntáistí:*<br>Bíonn an fhaisnéis ar fáil do do chuid iomaitheoirí chomh maith.<br><br>Ní féidir cruinneas na faisnéise a fhíorú go hiomlán/d'fhéadfadh sé a bheith deacair an fhoinse thosaigh a aimsiú.<br><br>D'fhéadfadh sé go bhfuil an fhaisnéis a bailíodh as dáta.<br><br>Seans go mbaineann claontacht leis an bhfaisnéis ag braith ar na daoine a bhailigh í.<br><br>**(ii)Léirigh foinse amháin de thaighde deisce agus foinse amháin de thaighde allamuigh a d'fhéadfadh Fuáil Ghasta a úsáid, agus tabhair cúiseanna le do fhreagra i ngach cás.**<br><br>**Taighde deisce: (sonraí cainníochtúla)**<br><u>Staitisticí POS (CSO i mBéarla)</u>-le treochtaí daonra a aimsiú (aois, gnéas, struchtúr teaghlaigh) agus ráta gnó coisithe agus srutha tráchta/ líon na gcustaiméirí in áit áirithe go dtí seo agus i gcomparáid le hiomaitheoirí a thuar.<br><br><u>Suirbhé ar bhuiséad teaghlaigh</u> (POS) thabharfadh an suirbhé ar bhuiséad teaghlaigh faisnéis ar phatrúin chaiteachais teaghlaigh ar chineálacha éagsúla earraí. | **25 mharc (15m+10m)** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | An tIdirlíon – D'fhéadfadh breathnú ar pholasaithe praghsála agus tionscnaimh dhíolacháin a gcuid iomaitheoirí ar a suíomhanna gréasáin agus d'fhéadfadh siad seo cabhrú lena bpolasaithe praghsála agus tionscnaimh díolacháin féin a chur le chéile.<br><br>Léireodh taifid díolachán laethúil athrú ar phatrúin tomhaltóirí agus léireoidís an bhfuil suim acu sa tseirbhís nua.<br><br>Foilseacháin an Rialtais/Fiontraíocht Éireann etc.<br><br>Tuarascálacha ar Thaighde Margaidh go dtí seo/tuarascálacha ó chumainn thrádála.<br><br>Tuarascálacha a d'fhoilsigh an gnólacht féin roimhe seo.<br><br>Bheadh faisnéis ghinearálta áisiúil ar fáil in ailt sa phreas (ailt nuachtáin agus ailt irise).<br><br>**Caithfear cúis a thabhairt le do fhreagra.**<br><br>**Taighde allamuigh:** (tuairimí agus meonta -sonraí cáilíochtúla)<br><br>Ceistneoirí//Suirbhéanna ina gcuirtear ceisteanna áirithe ar dhaoine agus óna bhfaightear faisnéis mhionsonraithe faoi roghanna, iompraíochtaí agus dearcthaí na dtomhaltóirí sa mhargadh.<br><br>Grúpaí fócais/pléann daoine áirithe an táirge nó an tseirbhís/ sraith ceisteanna nó topaicí.<br><br>Agallaimh phearsanta/cuireann siad sonraí a bhíonn níos suibiachtúla ar fáil.<br><br>Breathnóireacht/ag breathnú ar chustaiméirí agus iad ag ceannach agus sonraíonn baill foirne a fuair oiliúint sa réimse seo an patrún ceannaigh.<br><br>**Caithfear cúis a thabhairt le do fhreagra.** | |

| (B) | **Déan measúnú ar éifeachtacht na dteicnící chun díolacháin a chur chun cinn a bhféadfadh Alex smaoineamh orthu chun díolacháin a mhéadú.**<br><br>Scéim Dílseachta don Chustaiméir – lascainí, aisairgead, pointí a fháil etc. a thairiscint do chustaiméirí rialta (le siogairlín eochracha, cárta custaiméara etc.). Bheadh sé seo mar luach saothair do na custaiméirí dílse.<br>Tairiscintí speisialta:<br>Bronntanais saor in aisce – bronntanas saor in aisce a thabhairt ("tirimghlan culaith agus ghlanfaí léine agus carbhat saor in aisce"). Seans go spreagfadh sé custaiméirí chun an tseirbhís a úsáid ní ba mhinice. Culaith a ghlanadh gach coicís in ionad gach mí.<br>NÓ<br>Ceannaigh ceann amháin, faigh ceann amháin saor in aisce/trí cinn ar phraghas péire – tirimghlan/athraigh 3 earra ach ní íoctar ach as 2 earra. D'fhéadfadh sé seo méid trádála Fuáil Ghasta a mhéadú.<br>NÓ<br>Tairiscint Tosaigh<br><br>Dearbhán/cúpón ar lascaine don chéad cheannachán eile – cúpóin a bhfuil lascaine orthu i gcomhair tirimghlanadh/athruithe a chur i nuachtáin agus in irisí áitiúla. D'fhéadfaí custaiméirí nua a mhealladh chun an tseirbhís a úsáid.<br><br>D'fhéadfaí comórtais a reáchtáil ar na meáin shóisialta. D'fhéadfaí custaiméirí a spreagadh chun postálacha Fuáil Ghasta a chomhroinnt ar Facebook trí luach €100 de thirimghlanadh etc. a thairiscint don bhuaiteoir. D'fhéadfadh sé seo a bheith ina luach saothair do chustaiméirí dílse.<br><br>**Measúnú ar gach teicníc a roghnaigh tú** ********* | **15 mharc** |
|---|---|---|

| | | |
|---|---|---|
| **(C)** | **Déan plé ar na buntáistí a bhaineann le brandáil mar uirlis mhargaíochta le haghaidh gnólachta agus tabhair samplaí chun tacú le do fhreagra.**<br><br>Tá said seo ar na freagraí a d'fhéadfaí a thabhairt:<br><br>Bíonn sé níos éasca idirdhealú a dhéanamh idir do tháirge féin agus táirgí iomaitheoirí má bhíonn ainm branda agat. Is féidir brandáil a úsáid mar **uirlis mhargaíochta** chun críocha fógraíochta. Is branda aitheanta é Kellogs agus bíonn promóisin éagsúla acu leis an ainm branda a choinneáil chun tosaigh in intinn an chustaiméara.<br><br>Bíonn sé níos éasca **táirgí nua** a thabhairt isteach má bhíonn aithne cheana ar an mbranda. Eisítear earraí éagsúla agus an branda Kellogs orthu mar shampla; All-Bran Breakfast Biscuits, Coco Pops, Frosted Flakes.<br><br>Féadann ainm branda aithnidiúil **praghas bisigh** a éileamh. Éilíonn brandaí Kellogs praghsanna níos airde ná earraí féinbhranda/ is féidir praghas bisigh a ghearradh. Síltear go bhfuil sé ar ardchaighdeán.<br><br>Méadóidh díolacháin trí **cheannach leantach** mar thoradh ar an mbrandáil.<br><br>Is féidir **deighleoga margaidh** aonair a aithint agus díriú orthu le hearraí éagsúla atá faoin ainm branda.<br>e.g. Kellogg's Rice Krispies do pháistí/All-bran/ béilí Mc Donalds do pháistí.<br><br>Bíonn custaiméirí dílis do bhranda ar leith le himeacht ama agus ní athróidh siad uaidh. Itheann tomhaltóirí an branda céanna gach lá de ghnáth. (Arán *Brennan's*) Tugann brandáil deis do gnólacht idirdhealú a dhéanamh idir é féin agus an iomaitheoir agus nasc a chruthú lena gcustaiméirí agus **dílseacht a chothú sa phróiseas.**<br>"Arán Brennan, Arán an lae inniu, inniu" / "Brennan's Bread, Today's Bread Today"<br><br>Cruthaítear áit sa mhargadh a bhíonn níos deacra ag iomaitheoirí a 'phóitseáil'. Tá seans ann go n-imeoidh custaiméir sásta, ach is lú an seans go n-imeoidh custaiméir dílis. Bíonn ceangal láidir ag tomhaltóirí a d'fhás aníos ag ithe gránaigh bhricfeasta Kellogg's leis an óige agus leis an mbaile. Tá **muinín** acu as an mbranda.<br><br>Is féidir **ainmneacha branda a chlárú** chun an t-úinéir a chosaint ionas nach féidir le haon ghnólacht eile an t-ainm sin a úsáid.<br><br>Bíonn an cháil chomh mór sin ar bhrandaí áirithe go n-**athraíonn ainm an táirge go hainm an bhranda** thar ama, cur i gcás; Google. hoover, biro, tipex etc.<br><br>**A CHRÍOCH SIN** | **20marc** |

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 400 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 400 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 300 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 301 - 303 | 29 |
| 304 - 306 | 28 |
| 307 - 310 | 27 |
| 311 - 313 | 26 |
| 314 - 316 | 25 |
| 317 - 320 | 24 |
| 321 - 323 | 23 |
| 324 - 326 | 22 |
| 327 - 330 | 21 |
| 331 - 333 | 20 |
| 334 - 336 | 19 |
| 337 - 340 | 18 |
| 341 - 343 | 17 |
| 344 - 346 | 16 |
| 347 - 350 | 15 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 351 - 353 | 14 |
| 354 - 356 | 13 |
| 357 - 360 | 12 |
| 361 - 363 | 11 |
| 364 - 366 | 10 |
| 367 - 370 | 9 |
| 371 - 373 | 8 |
| 374 - 376 | 7 |
| 377 - 380 | 6 |
| 381 - 383 | 5 |
| 384 - 386 | 4 |
| 387 - 390 | 3 |
| 391 - 393 | 2 |
| 394 - 396 | 1 |
| 397 - 400 | 0 |

Leathanach Bán